KILMARTIN
EDUCATIONAL SERVICES

# Gaeilge na hArdteiste 2024

## Tomás Ó Madagáin

ENNIS & LIMERICK

Web: www.kes.ie
Email: info@kes.ie
Contact: 061-444 989

Everybody's going to JULIE'S

# Leagan Amach na hArdteistiméireachta: Ardleibhéal, 2024

| | | |
|---|---|---|
| Fáiltiú | 1 | 5 |
| Aithris Filíochta | 2 | 35 |
| Comhrá | 7-8 | 120 |
| Sraith Pictiúr | 4 | 80 |
| ***Iomlán*** | 12-15 | *240* |

## Páipéar 1→

| ***Rannán*** | ***Am (Nóiméad)*** | ***Marc*** |
|---|---|---|
| Cluastuiscint | 20 | 60 |
| Ceapadóireacht | 110 | 100 |
| ***Iomlán*** | *140 (10 nóiméad súil siar NB)* | *160* |

## Páipéar 2 →

| ***Rannán*** | ***Am (Nóiméad)*** | ***Marc*** |
|---|---|---|
| Léamhthuiscint | 70 (35x2) | 100 |
| Prós | 30 | 30 |
| Filíocht | 30 | 30 |
| Litríocht Bhreise | 40 | 40 |
| ***Iomlán*** | *185 (15 nóiméad súil siar NB)* | *200* |

# Saol an Déagóra

Measaim go bhfuil saol an-deacair ag déagóirí sa lá atá inniu ann. Is mór idir inné agus inniu. Caoga bliain ó shin, ní chloisfeá trácht ar „shaol an déagóra". Ní raibh cultúr na n-óg tosaithe fós. Ní raibh aitheantas ar fáil don aos óg. Anois, scéal iomlán difriúil atá ann – réabhlóid atá againn. Tá áit lárnach ag an aos óg sa tsochaí. Bíonn dhá thaobh ar gach scéal, áfach. Tá fadhbanna ar leith ag baint leis na déaga agus tá na deacrachtaí ag dul in olcas, ar scoil, sa bhaile agus lena gcairde. Tá sé seo tarlaithe le brú na scrúduithe agus teacht ré na teicneolaíochta. San aiste seo iniúchfaidh mé na deacrachtaí seo.

Tá roinnt fadhbanna i measc na n-óg mar shampla tá fadhbanna óil agus drugaí. Eascraíonn na fadhbanna seo ón mbrú a mhothaíonn daltaí ina saol féin. Téann cuid mhaith acu amach ag an deireadh seachtaine agus ólann siad alcól agus tógann siad drugaí chun éalú óna gcuid fadhbanna. Ar ndóigh, ní rud maith é sin ach faraor tarlaíonn sé go háirithe i measc déagóirí nach nglacann páirt i gcúrsaí spóirt ná in imeachtaí sláintiúla eile. Ceapaim gurb é rogha an déagóra ól lena chairde nó gan aon alcól a ól. Ní mhothaím faoi bhrú aon alcól a ól ach tuigeann gach mac máthair go bhfuil siad ann.

Is dóigh liom go gcuireann córas na bpointí an-bhrú ar dhaltaí agus ní deas an rud é sin. Déanann daltaí staidéar ar sheacht n-ábhar agus dá bhrí sin tá brú ama i gceist. I Sasana déantar staidéar ar thrí ábhar, is mór an difríocht í sin. Bíonn ar dhaltaí obair ó dhubh go dubh. Cuireann roinnt tuismitheoirí brú ar a bpáistí pointí arda a fháil san Ardteist chun áit a fháil ar chúrsa san Ollscoil. Ina theannta sin, tá brú airgid ann mar caithfidh tú dul chuig an bpictiúrlann nó airgead a bheith agat le haghaidh éadaí nua a cheannach. Ní saol éasca atá againn in aon chor.

Ba cheart tacaíocht agus oideachas réalaíoch ag aois níos óige a chur ar fáil don aos óg. Go minic aithnítear na fadhbanna a bhaineann le halcól a ól agus drugaí a thógaint go ródhéanach ach i dtosach na haicéide is fusa í a leigheas. Is blianta deacra, dian iad na déaga agus tá sé fíor-éasca dul ar strae. Is todhchaí na tíre iad an ghlúin seo. Caithfimid infheistiú a dhéanamh ó thaobh airgid agus intinne de. Bheadh córas measúnachta leanúnach san Ardteist i bhfad níos fearr, feictear domsa. Bheadh seans níos cothromaí ag cách agus bhainfeadh sé an brú den dalta. Ba cheart seirbhísí níos fearr a chur ar fáil i ngach ceantar don aos óg. Chabhródh sé sin go mór freisin.

Ar an iomlán, caithfear a admháil go bhfuil obair le déanamh againn agus caithfear tús a chur leis láithreach. Mar a luaigh mé tá roinnt fadhbanna i measc na n-óg ach tá réiteach ar na fadhbanna sin. Caithfear rud éigin a dhéanamh chun córas na bpointí a athrú. Freisin, is gá éisteacht le déagóirí chun a gcuid fadhbanna a thuiscint agus teacht ar réiteach orthu siúd. Mol an óige agus tiocfaidh sí – ní féidir an t-eolas seo a sheachaint.

## An Córas Sláinte in Éirinn

Ní féidir a shéanadh ach gur fadhb mhór, chastach, fhorleathan í an córas sláinte in Éirinn sa lá atá inniu ann. Is ábhar conspóideach é agus bíonn sé pléite agus athphléite ag polaiteoirí, ag iriseoirí agus ag an bpobal ginearálta de shíor. Tá díospóireacht phaiseanta ar siúl i láthair na huaire faoi thodhchaí an chórais sláinte in Éirinn. Gan dabht tá tuairimí láidre agus mothúcháin phaiseanta ag daoine maidir leis an ábhar seo. Is cinnte go spreagann sé tocht i mbéal an phobail. Ach chun teacht ar réiteach na faidhbe móire forleithne seo, ní mór cúpla réamhcheist a chur: céard iad cúiseanna agus tionchar na faidbe seo agus conas gur féidir í a réiteach?

Tá géarchéim againn faoi láthair toisc nach bhfuil neart altraí agus dochtúirí againn in Éirinn. Tuigeann altraí agus dochtúirí óga go bhfuil siad in ann pá níos airde agus coinníollacha oibre níos fearr a fháil thar lear. Mar gheall ar sin, tá siad ag dul ar an mbád bán trasna na dtonnta agus cé a chuirfeadh an milleán orthu. Ag an am céanna, tá níos lú altraí agus dochtúirí fágtha in Éirinn agus tá na haltraí agus na dochtúirí sin faoi níos mó brú chun níos mó oibre a dhéanamh. Tá siad tuirseach traochta! Ní nach ionadh go bhfuil scuainní fada sna hospidéil nuair atá na haltraí agus na dochtúirí bochta ag titim ina gcoladh mar gheall ar an ualach oibre atá acu!

Fadhb eile a chloisimid faoi go minic ná an tromluí a bhíonn ag feithimh ar dhaoine sna Ranna Timpiste agus Éigeandála. Tá easpa leapacha againn in Éirinn. Uaireannta éiríonn daoine an-tinn gan ghá toisc nach bhfuair siad leigheas simplí. Is iad na himpleachtaí leis seo ná go bhfuil níos mó daoine ag dul go dtí na Ranna Timpiste agus Éigeandála ach níl níos mó leapacha ann dóibh. Más gá duit cuairt a thabhairt ar an Rannóg seo, tá fanacht fada ós do chomhair. Is minic a chloistear faoi daoine a chaitheann cúpla lá ina luí ar thrallaithe nó ina suí i gcathaoireacha fad atá siad ag fanacht ar leaba. Cuireann sé fearg an domhain orm.

Conas gur féidir linn ár gcóras a fheabhsú? An féidir linn é a fheabhsú ar chor ar bith? Bhuel, seans go bhfuil mé i mo mheabhránaí agus go mbíonn gach gloine leathlán agam ach creidim go bhfuil réiteach amach ann. Creidim go gcaithfidh an Rialtas teorann a chur ar phraghas an dochtúra ghinearálta agus cártaí leighis a chur ar fáil arís. Dá mbeadh níos mó daoine in ann freastal ar an dochtúir go háitiúil, bhéidís in ann deireadh a chur leis an tinneas go héasca gan aon ghá le cuairt a thabhairt ar an Roinn Timpiste agus Éigeandála. Ní féidir a bheith cinnte an éireoidh leis an bplean seo ach mar a deir an seanfhocal „is maith an scéalaí an aimsir".

Mar sin, is léir go bhfuil fadhbanna casta le fréamhacha doimhne le sárú againn maidir leis an gcóras sláinte. Cibé scéal é, tá dóchas agam. Más féidir le Rialtas na tíre bige seo dúiseacht agus féachtaint go dáiríre ar an bhfadhb chasta fhorleathan seo, táim cinnte go mbéimis slán sábháilte ó chruachás an chórais seo. Beidh fuinneamh agus díograis ag teastáil gan dabht.

## An Bhochtaineacht / Fadhb mhór idirnáisiúnta

Ní féidir a shéanadh go bhfuil an bhochtaineacht ina fhadhb mhór idirnáisiúnta anois ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain. Sa lá atá inniu ann tá fadhb na bochtaineachta ag méadú lá i ndiaidh lae. Is minic a chloistear scéalta scanrúla faoi ghnáthdaoine a fhulaingíonn de bharr nach mbíonn go leor airgid acu a mbillí a íoc nó a gcuid siopadóireacht a dhéanamh. An féidir linn ar fad mar sochaí níos mó a dhéanamh chun teach tar réiteacht ar an mbochtaineacht. Is dóigh liom fur féidir linn. San aiste seo, iniúchfaidh mé an bhochtaineacht agus na féidearachataí atá le cabhrú le daoine bochta.

Céard is brí leis an aidiacht bocht? Deirtear sna foclóirí go bhfuil duine bocht murar féidir leis riachtanais na beatha a chur ar fáil dó féin is dá chlann. An chéad cheist eile ná céard iad riachtanais an tsaoil? Bhuel, measaim go bhfuil bia, uisce, dídean, éadaí agus grá ag teastáil ó gach duine. Ní féidir le daoine maireachtáil gan na riachtanais seo. Ȧfach, dar le staitisticí tá cuid mhaith daoine ar fud an domhain ag maireachtáil gan bia agus gan dídean. Is dóigh liom go mbaineann bochtaineacht sa tír seo le daoine gan mórán oideachais agus gan mórán ioncaim.

Tá go leor fianaise againn inniu a léiríonn nach bhfuil mórán á dhéanamh ag an rialtas chun an fhadbh seo a réiteach. Sílim go bhfuil bochtaineacht le feiceáil ar fud na hÉireann go háirithe i mBaile Átha Claith. Feictear domsa go bhfuil daoine ar phríomhsráideanna na cathrach ag lorg trócaire agus ag lorg airgid. Bíonn daoine gan dídean bocht go minic, níl gnáthrachtanais an tsaoil acu agus dá bhrí sin níl saol maith acu. Nach é sin atá ag teastáil ó gach éinne, saol maith simplí.

Is nua-bhochtáin iad cuid mhaith de na teaghlaigh atá ag fulaingt de cheal airgid. Daoine iad seo atá dífhostaithe. Tá sé soiléir go bhfuil an bochtaineacht ag leathadh i gcathracha na hÉireann, Baile Átha Cliath ach go háirithe. Tá líon na ndaoine gan dídean ag méadú. Bíonn brúnna Chlann Síomóin lán go doras gach uile oíche. Is inimircigh cuid de na daoine bochta a fheictear ar na sráideanna na laethanta seo. Tá siad tréigthe ag an rialtas agus ag an tsochaí go ginearálta.

Deirtear gurb é ceann de na fadhbanna a eascraíonn ón easpa airgid ná briseadh clanna. Téann daoine in ísle brí agus ní éiríonn siad as sin nuair nach bhfeiceann siad réiteach ar a gcuid fadhbanna. Sa lá atá inniu ann ní féidir teacht ar theach ar óir ná ar airgead. Ceaptar teaghlaigh a bhíodh go maith as tráth i bhfáinne fí an bhochtanais, an mhíshonais agus na drochshláinte.

Ba cheart tacaíocht agus oideachas a chur ar fáil do theaghlaigh. Freisin ba cheart tithe a thógaint láithreach bonn. Go minic aithnítear na fadhbanna seo ródhéanach ach i dtosach na haicéide is fusa í a leigheas. Is náireach an mhaise dúinn nach bhfuil níos mó infheistíochta á dhéanamh i dtithe na tíortha seo. Ar an iomlán, caithfear a admháil go bhfuil obair le déanamh againn agus caithfear tús a chur leis láithreach.

# Díospóireachtaí

**TÚS:**

- A chathaoirligh, a mholtóirí, a lucht an fhreasúra agus a chomhdhaltaí...
- Táim anseo inniu chun an rún seo a phlé...
- Creidim go láidir go bhfuil/nach bhfuil...
- Is é an téama/smaoineamh atá á phlé agam inniu ná
- Aontaíonn m‟fhoireann go huile is go hiomlán leis an rún seo...

Séard atá i gceist leis sin ná...

- Tá súil agam go n-aontóidh sibh leis an méid sin faoi dheireadh na díospóireachta seo.

(Is féidir eilimintí de thús na haiste a úsáid anseo)

Sampla: A Chathaoirligh, a Mholtóirí, a Lucht an Fhreasúra agus a Lucht Éisteachta. Tá mé féin agus m‟fhoireann anseo anocht chun an rún X a phlé. Ní mór dom a chur in iúl go mbeidh baill m‟fhoirne féin ar son/in aghaidh an rúin seo. Beidh an fhoireann eile ag iarraidh a gcuid tuairimí a chur ina luí oraibh ach glac mo chomhairle agus ná éist. Faoi dheireadh na díospóireachta seo tá súil agam go n-aontófar linn agus ár n-argóintí ar fad cloiste agaibh.

**LÁR:**

- Ná bac le seafóid mar sin...
- Tá sé ráite ag an bhfoireann eile nach/go bhfuil...
- Níl anseo ach argóintí amaideacha an fhreasúra...
- Níl cos le seasamh acu leis an méid raiméis sin...
- Dúirt captaen na foirne eile nach fadhb é seo ach is beag measa atá agam ar an ráiteas sin.
- D‟admhaigh an fhoireann eile nach gcreideann siad muid ach is léir go bhfuil dul amú orthu. Mholfainn an chluas bhodhar a thabhairt dóibh!

**CRÍOCH:**

- Ní féidir libh a shéanadh anois nach bhfuil na firicí agus staitisticí ar eolas agaibh anois.
- Tá sé in am an dualgais anois, tá súil agam go mbeidh sibh ar fad ar an mbóthar céanna liom...
- Tá súil agam go n-aontaíonn sibh le ma chuid argóintí
- Go raibh maith agaibh as ucht na héisteachta a thug sibh dom agus as ucht na tacaíochta a thaispeáin sibh dom.

(Is féidir eilimintí de chríoch na haiste a úsáid anseo)

Sampla: Tá mé ag druidim le deireadh mo chuid cainte. Tá súil agam gur chruthaigh mé mo phointí ar fad go soiléir. Ní hionann ceart agus neart ach táim cinnte go bhfuil an ceart ag mo thaobh nuair a deirim..... Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil as ucht na héisteachta a thug sibh dom agus as ucht na tacaíochta a thaispeáin sibh dom. Go raibh míle maith agaibh

# Prós

## Oisín i dTír na nÓg

Príomhimeachtaí an Scéil

- Bhí 3 chéad fear ag obair i nGleann na Smól agus rinne siad iarracht leac mhór a ardú, ach, níor éirigh leo.
- Tháinig fear mór, dathúil ar a chapall bán. Oisín an t-ainm a bhí air agus chabhraigh sé leo. D'ardaigh sé an leac gan dua.
- Bhris giorta an chapaill agus thit Oisín dá chapall go talamh. Rinneadh seanduine dall de.
- Tógadh go dtí Naomh Pádraig é agus d'inis sé a scéal ansin.
- Lá éigin, bhí Fionn (athair Oisín) agus na Fianna ag seilg in aice le Léin, tháinig spéirbhean ar a capall. Bhí gruaig fhada, fhionn uirthi. Niamh Chinn Óir a bhí ann, iníon Rí na nÓg.
- Bhí sí i ngrá le hOisín agus d'iarr sí air filleadh ar ais go Tír na nÓg faoi gheasa é. D'imigh an bheirt acu ar an gcapall bán. Bhí an-bhrón agus uaigneas ar Fhionn.
- Chuaigh siad thar farraige ar an gcapall agus mharaigh sé an fathach scanrúil Fómhar Builleach agus scaoil sé saor iníon Rí na mBeo.
- Shroich siad Tír na nÓg, áit nach dtagann aois ar aon duine.
- Bhí beirt mhac acu agus iníon amháin.
- Tar éis tamaill bhí fonn ar Oisín filleadh ar ais go hÉirinn chun a athair a fheiceáil.
- Thug sé an capall bán agus dúirt Niamh leis gan a chos a leagadh ar thalamh na hÉireann.
- In Éirinn, ní raibh trácht ar Fhionn agus na Fianna ach sna seanscéalta. Ní raibh in Almhain Laighean ach neantóga agus fiailí.
- Thug sé cabhair do fhir a bhí ag iarraidh leac mhór a ardú Ní raibh leag sé a chos ar thalamh na hÉireann - rinne seanfhear dall de.
- Cabhraigh Naomh Pádraig leis agus thaistil sé ar fud na tire agus dúirt Naomh Pádraig leis go raibh spás dó i Neamh.
- D'inis Oisín scéalta na Féinne dó agus d'fhoghlaim sé soiscéal Dé do Phádraig.

# Na Príomhcharachtair

***<u>Oisín:</u>***

Laoch cróga is ea é atá ionraic, láidir, dathúil agus dílis. Is fear uasal é, tá sé sásta imeacht le Niamh. Maraíonn sé an fathach agus scaoileann sé saor iníon Rí na mBeo. Tá sé dílis dá athair mar filleann sé abhaile chun é a fheiceáil. Is duine foighneach é mar tá sé sásta scéalta na Féinne a insint do Phádraig agus iad ag taisteal timpeall na hÉireann.

***Niamh Chinn Óir:***

Is spéirbhean álainn í atá i ngrá le hOisín. Níl trua aici d'Fhionn mar cuireann sí Oisín faoi gheasa imeacht léi láithreach. Is bean diongbháilte (firm) í freisin agus cuireann sí fainic air gan filleadh go hÉirinn. Sa deireadh tugann sí a capall bán dó - is bean cineálta í.

***Fionn Mac Cumhaill:***

Athair grámhar, tuisceanach Oisín is ea é. Tá sé flaithiúil mar ligeann sé dá mhac imeacht lena ghrá Niamh. Tá sé cliste mar tuigeann sé ón tús nach bhfillfidh Oisín go brách agus tá an-bhrón air.

***Naomh Pádraig:***

Is fear macánta, lách, cráifeach é atá cineálta d'Oisín agus é ina sheanduine dall. Tá sé foighneach mar éisteann sé le scéalta Oisín agus múineann sé Soiscéal Dé d'Oisín freisin.

# Mothúcháin

***Grá:***

Tá grá ag Oisín do Niamh - Imíonn sé go Tír na nÓg léi.
Tá grá ag Oisín dá athair (Fionn) - Filleann sé ar ais chun é a fheiceáil cé go bhfuil sé dainséarach.
Tá grá ag Fionn d'Oisín - Glacann sé le Niamh agus ligeann sé d'Oisín imeacht léi.

***Bá agus Brón:***

Tá bá ag Oisín do na fir nach bhfuil in ann an leac a ardú. Tá brón air nuair a chloiseann sé nach bhfuil Fionn agus na Fianna beo feasta. Tá sé croíbhriste. Tá an-bhrón ar Fhionn nuair a imíonn Oisín go Tír na nÓg. Tuigeann sé nach bhfilleann sé. Tá deireadh an scéil brónach nuair a léitear faoi Oisín ina sheanduine ag ithe leis féin.

***<u>Trua:</u>***

Tá trua ag Naomh Pádraig d'Oisín agus é ina sheanfhear agus tá Pádraig an-fhoighneach mar éisteann sé lena chuid scéalta faoi na Fianna.

# Téamaí

***<u>Óige agus Aois:</u>***

Feictear an chodarsnacht idir óige agus aois i rith an scéil. Bhí Oisín ina fhear óg, láidir, dathúil, ach nuair a thit sé den chapall rinneadh seanfhear de. Chuaigh Fionn agus na Fianna in aois agus fuair siad bás. Ar an láimh eile, níor tháinig aois ar aon duine i dTír na nÓg.

***Draíocht:***

Téann an capall thar farraige gan dua. Is féidir le hOisín an leac a ardú go héasca agus cuireann Niamh Oisín faoi gheasa. Ní thagann aois ar aon duine i dTír na nÓg. Déantar seanduine dall d'Oisín nuair a thiteann sé den chapall.

***Laochas/Ridireacht:***

Is laochra iad Oisín agus Fionn. Caitheann siad go béasach le Niamh. Ligeann Fionn dá mhac imeacht lena ghrá go Tír na nÓg cé go bhfuil brón an domhain air. Maraíonn Oisín an fathach agus scaoileann sé saor iníon Rí na mBeo. Tá sé dílis dá athair mar filleann sé go hÉirinn. Tugann sé cabhair do na fir an leac a ardú. Is fear uasal é.

***Grá:***

Tá grá ag Oisín do Niamh - Imíonn sé go Tír na nÓg léi.
Tá grá ag Oisín dá athair (Fionn) - Filleann sé ar ais chun é a fheiceáil cé go bhfuil sé dainséarach.
Tá grá ag Fionn d'Oisín - Glacann sé le Niamh agus ligeann sé d'Oisín imeacht léi.

# Tréithe an Bhéaloidis

***Draíocht:***

Téann an capall thar farraige gan dua. Is féidir le hOisín an leac a ardú go héasca agus cuireann Niamh Oisín faoi gheasa. Ní thagann aois ar aon duine i dTír na nÓg. Déantar seanduine dall d'Oisín nuair a thiteann sé den chapall.

***Riail an trí:***

Is uimhir dhraíochtúil é a trí. 'Gan bhrí, gan mheabhair, gan aird'. Sa scéal tá trí chéad fear ag iarraidh an leac a ardú. Troideann Oisín an fathach 'thrí oíche is thrí lá'. Tugann Niamh trí rabhadh d'Oisín. Tá triúr páistí acu. Rinne an capall ban 'trí seitreacha' srl.

***<u>Áiféis:</u>***

Léitear rudaí áiféiseacha sa scéal seo. Is féidir leis an gcapall eitilt agus déantar seanduine dall d'Oisín i bpreabadh na súl nuair a thiteann sé den chapall. Bhíodh sé i gcónaí ní ba mhó agus ní ba láidre ná na fir eile.

**Gnáthrud**

## Príomhimeachtaí an Scéil

- Bhí Jimmy ag ól sa bheár i mBéal Feirste lena chairde, oíche Dé hAoine.
- Bhí a bhean Sarah agus a thriúr páistí sa bhaile. Mhothaigh sé ciontach mar thuig sé go mbeadh deacrachtaí ag cur John an mac ba shine a luí.
- B'fhearr le Jimmy an comhluadar ná an t-ól féin, agus fiú sa bheár bhí a croí sa bhaile. Bhí a chara Billy ansin ag ól agus ag ceiliúradh breith a gharmhic.
- Bhí Billy agus Jimmy ina dtógálaithe agus ní raibh a saoiste sásta le Billy. Bheadh ar Jimmy cabhair a thabhairt le Billy a phost a choimeád.
- Níor thuig Jimmy an fáth nach raibh fonn ar na fir eile filleadh abhaile. Bhí teach deas cluthar ag Jimmy agus Sarah agus bhí siad bródúil as.
- Ní raibh fonn ar Jimmy fanacht i bhfad agus bheartaigh air curaí agus chop suey a fháil dó féin agus dá bhean.
- Isteach leis go dtí an Jasmine Palace agus labhair sé leis an bhfreastalaí, Liz. Luaigh sé a bhean agus a pháistí agus ansin stop sé mar thuig sé go raibh fadhbanna grá ag Liz. Bhí aiféala air agus bhraith sé ciontach.
- Thug sé roinnt airgid do dhéagóirí ólta béile a cheannach.
- Thosaigh Jimmy ag siúl abhaile agus bhí sé ag machnamh ar Sarah agus ar na páistí.
- Ní fhaca sé an carr ciúin le soilse múchta ag teacht taobh thiar de.
- Go tobann, scaoileadh urchar agus thit sé ar an talamh agus é marbh.
- Fágadh ina luí ar an tsráid é agus bhí a chuid fola measctha lena bhia.

## Na Príomhcharachtair

***Jimmy:***

Is fear uasail é agus tá an-ghrá aige dá bhean agus dá pháistí. Tá sé macánta síochánta. Tugann sé cabhair dá chara agus oibríonn sé go dian. Tá sé díograiseach agus deaslámhach (*handy*) mar cuireann sé caoi cheart ar an teach.

***Sarah:***

Is bean álainn tarraingteach í - bhí fonn ar Jimmy filleadh abhaile le bheith ina

teannta ar an tolg. Is máthair láidir í agus tugann sí aire dá bpáistí ina haonar. Tá sí díograiseach agus deaslámhach mar cuireann sí caoi cheart ar an teach.

***Na páistí, John agus an cúpla:***
Tá John cadránta agus tá sé ceithre bliana d'aois. Ní fonn air dul a chodladh. Is cúpla iad Margaret agus Elizabeth atá sé mhí d'aois agus bíonn siad ag plobaireacht ar an tolg lena dtuismitheoirí.

***Billy:***
Is bríceadóir agus seanathair é a bhfuil dúil aige san ól. Níl a shaoiste sásta leis.

***Liz:***
Oibríonn sí sa Jasmine Palace agus tá fadhbanna grá aici. Tá iníon ag Liz atá ceithre bliana d'aois.

# Mothúcháin

***Grá:***
Is é grá an mothúcháin is láidre sa ghearrscéal seo. Tá an-ghrá ag Jimmy dá bhean agus dá pháistí. Níl fonn ar Jimmy fanacht ag ól don oíche. B'fhearr leis a bheith sa bhaile ar an tolg lena bhean. Tá grá aige dá chara Billy mar cabhraíonn sé leis nuair atá sé i bponc lena saoiste.

***Naimhdeas:***
Mothaímid an naimhdeas ag deireadh an ghearrscéil nuair a maraítear Jimmy bocht gan trua gan taise. Cuireann an bharbarthacht seo uafás na huaire in iúl le linn na dTrioblóidí.

# Téamaí

***Saol daoine le linn na dTrioblóidí:***
Tá tagairt ann do na Trioblóidí agus tá sé mar chúlra an ghearrscéil. Tá ainmneacha Sasanacha ag an gcúpla. Cé gur fear síochánta é Jimmy, maraítear é gan chúis agus léiríonn an ghníomh seo déine an tseicteachais (*sectarianism*).

***Foréigean:***
Tá foréigean le feiceáil ag deireadh an ghearrscéil. Níl an léitheoir ag súil leis ach maraítear Jimmy go tobann. Fágtar ina luí ar an tsráid é agus bhí a chuid fola measctha lena bhia.

***An caidreamh idir fhir agus mná:***
Feicimid go bhfuil fonn ar Jimmy filleadh abhaile le bheith i dteannta a mhná ar an tolg. Is fear clainne é. Tá na fir eile sa bheár sásta fanacht ansin go deireadh na hoíche ag ól. Thréig fear Liz í, mar sin, ní raibh caidreamh láidir acu.

**Dís**

## Príomhimeachtaí an Scéil

- Bhí lánúin óg cois tine agus bhí a leanbh sa phram. Bhí Seán (an fear céile) ag léamh an nuachtáin.
- Thug an bhean faoi deara go raibh sí agus a fear luaite i suirbhé sa mhí; suirbhé a dúirt go raibh ceathrú de mhná pósta na hÉireann míshásta lena saol.
- Dúirt sí gur tháinig bean óg chuig an doras leis an suirbhé cúpla mí ó shin.
- Bhí trua ag an mbean chéile don bhean mar bhí sí ag iompar clainne agus ag tógáil tí nua.
- Dúirt an bhean chéile le Seán go raibh sí chun seasamh isteach do bhean an tsuirbhé nuair a bhí sí ag saolú san ospidéal.
- Thóg fadh an bhean chéile a leanbh féin léi agus cheannódh sí sonraí leis an airgead freisin.
- Dúirt an fear céile go mbeadh a bhean cosúil le bean tincéara ag dul ó theach go teach. Cheap Seán nach raibh a bhean ag iarraidh a bheith sa teach leis.
- Faoi dheireadh, dúirt sí lena fear gur inis sé bréaga ar fad sa tsuirbhé. Chuir sé fearg uirthi ní ba luaithe sa lá.

## Na Príomhcharachtair

***Seán, an fear céile:***

Oibríonn sé go dian agus tugann sé aire dá bhean agus dá leanbh. Is gnáthfhear é. Ní thuigeann sé na fadhbanna atá ag a bhean cé go bhfuil siad pósta. Uaireanta, ní éisteann sé léi. Is cosúil gur duine traidisiúnta, príobháideach é mar bhí fearg air nuair a chuala sé gur thug a bhean sonraí pearsanta do bhean an tsuirbhé.

***An bhean chéile:***

Is gnáthbhean í a bhfuil leanbh agus fear aici. Is bean an tí cineálta, soghonta í a bhíonn uaigneach agus í ina haonar sa teach. Tá sí flaithiúil mar tá trua aici do bhean an tsuirbhé.

***Bean an tsuirbhé:***

Is bean óg í atá ag iompar clainne. Caithfidh sí teach nua a thógáil mar níl cead aici leanbh a bheith san árasán. Réitíonn sí go maith leis an mbean chéile. Tuigeann siad a chéile mar tá caidreamh speisialta acu - tá leanbh ag an mbean chéile agus tá bean an tsuirbhé ag súil.

# Mothúcháin:

***<u>Brón agus Uaigneas:</u>***

Ceapann an bhean chéile go bhfuil sí ar neamhaird, mar sin, tá brón agus uaigneas uirthi. Tá sí uaigneach agus í ina haonar sa teach.

***<u>Trua:</u>***

Tá trua ag an mbean óg do bhean an tsuirbhé. Éisteann sí go tuisceanach léi. Is dócha go bhfuil trua aici di féin freisin, tá sí feargach lena fear, mar sin, insíonn sí bréaga do bhean an tsuirbhé mar tá aird uaithi.

***Fearg:***

Feicimid fearg an fhir nuair a chloiseann sé gur thug a bhean sonraí pearsanta agus príobháideacha do bhean an tsuirbhé. Nochtar fearg na mná nuair nach bhfuil a fear ag éisteacht léi agus ag tabhairt aird uirthi.

# Téamaí

***Greann:***

Is é an greann an téama is mó sa ghearrscéal seo. Feicimid an greann le hidirphlé na gcarachtar (*interaction of the characters*) agus le gontacht na n-abairtí. Ag tús an ghearrscéil níl Seán ag éisteacht lena bhean mar tá an nuachtán níos suimiúla ná í féin.

***Míthuiscint agus Uaigneas:***

Nochtar míthuiscint an fhir ag tús an ghearrscéil. Tá easpa tuisceana i gcaidreamh na lánúine. Mar gheall ar seo, tá an bhean chéile uaigneach mar ní thuigeann a fear a fadhbanna.

***Caidreamh:***

Tá an scéal bunaithe ar an gcaidreamh atá idir an bhfear agus an bean. Tá easpa tuisceana i gcaidreamh na lánúine. Uaireanta níl siad dlúth le chéile. Is minic a bhíonn an fear sáite sa nuachtáin agus ní éisteann sé lena bhean. Níl uaithi ach comhluadar. Tá dea-chaidreamh idir an bheirt bhan, mar tuigeann siad a chéile. Sa deireadh, tuigeann Seán a bhean níos fearr.

***Saol pósta:***

Tá an cuma ann go raibh saol compordach ag an lánúin. Bhí stéig á ithe acu agus bhí carr acu. D'ainneoin seo, níl an bhean chéile sásta inti féin ná sa teach. Tá sí uaigneach. Tá comhluadar uaithi. Ní thuigeann an fear príobháideach seo Seán é an fáth go bhfuil a bhean míshásta. Sa deireadh tá tuiscint níos fearr aige, áfach.

# Hurlamaboc

## Príomhimeachtaí an úrscéil

- Bhí Lisín agus Pól Albright ag ceiliúradh fiche bliain dá saol pósta lena mbeirt mhac (Ruán, 18 agus Cú, 10).
- Bhí siad ag ullmhú don chóisir agus dúirt Ruán lena mham go mbeadh an chóisir den scoth cé gur a mhalairt a chreid sé.
- Ní raibh uaillmhian ag Pól nuair a bhuail Lisín leis fadó agus an léachtóir le gnó saibhir é a bhfuil tithe agus árasáin aige ar fud na hEorpa.
- Bhí an reoiteoir lán le bia agus bhí ceann eile ar cíos ag Lisín. Bhí an teach glan, lán le bláthanna agus réidh don chóisir.
- Tháinig an tUasal Mac Gabhann go dtí an doras chun glacadh leis an gcuireadh.
- Dúirt sé le Ruán go raibh cuma an-óg ar Lisín. Bhí sí fionn, tanaí agus an-fhaiseanta.
- Bhí an cuma sin ar gach bean sa bhóthar sin seachas Eibhlín Ní Loingsigh - bhí sí ait le gruaig dhubhuirthi.
- Níor thaitin an tUasal Mac Gabhann le Ruán mar bhí súile géara aige.
- Ba bhean an tí í Lisín, ní raibh uirthi dul ag obair mar bhí Pól an-saibhir.
- Bhí smideadh i gcónaí á chaitheamh aici agus d'fhreastail sí ar ranganna teanga agus bhí sí ina ball de chlubanna éagsúla. Bhí suim aici sa drámaíocht agus sna scannáin.

## Na Príomhcharachtair

***Lisín:***

Is bean fhionn, thanaí agus fhaiseanta í a chuireann luach ar rudaí saolta, a teach, a smideadh, a cuid éadaí, a ranganna agus dar léi, tá sí sona sásta léi féin. Tá sí údarásach *(authoritative)* agus eagraíonn sí gach rud don chóisir. Is féidir linn a rá gur duine ardnósach í.

***Pól:***

Is léachtóir le gnó é agus tá sé an-saibhir agus rathúil. Tá go leor tithe agus árasán aige ar fud na hEorpa. Tá meas ag daoine air.

***Cú:***

Cuan an t-ainm ceart atá air. Tá sé trí bliana déag d'aois agus tá sé cliste agus dathúil. Tá sé ag tnúth le cóisir a thuismitheoirí.

***Ruán:***

Tá carachtar Ruán spéisiúil. Tá sé ocht mbliana d'éag d'aois agus tá féin cliste agus dathúil chomh maith. Níl sé ag tnúth le cóisir a thuismitheoirí ach cé go bhfuil grá aige dá mháthair ligeann sé di go bhfuil sé ag tnúth leis. Níl sé foighneach le hUasal

Mac Gabhann, tá sé searbhasach leis. Is dócha nach bhfuil sé róshona ann féin cé go gcónaíonn sé i dteach álainn le tuismitheoirí saibhre. Ach, ní hionann saibhreas agus sonas.

## Mothúcháin

***Bród:***

Tá Lisín an-bhródúil aisti féin, as a teach agus as a clann. Ar an drochuair, cuireann sí an iomarca béime ar rudaí saolta. Tá a comharsana ar an mbóthar sin bródúil astu féin agus iad ag coinneáil amach taobh na honóra (*keeping up appearances*).

***Imní agus Míshuaimhneas:***

Tá Ruán míshocair ann féin. Ní sé compordach le meon (*outlook*) a mháthar agus le díograis na gcomharsan. Ina theannta sin, cuireann a mham lagmhisneach air i gcónaí.

## Téamaí

***Greann:***

Tá plota an scéil greannmhar mar tuigeann an léitheoir go bhfuil an scríbhneoir ag scigmhagadh (*jeering..*) faoi shaol daoine saibhre agus a gcúraimí saolta. Is aoir (*satire*) amach is amach é an t-úrscéal mar cé go bhfuil Lisín 'foirfe' sa scéal agus go bhfuil saol an mhada bháin aici, níl Ruán sásta ann féin agus níl go leor cumarsáide eatarthu. Tá sé greannmhar go mbíonn na mná gléasta suas i ngúnaí le smideadh orthu fiú nuair a bhíonn an bruscar á thabhairt amach acu!

***Baothghalántacht (snobbery)***

Cónaíonn na hAlbrights in Ascaill na Fuinseoige i mBaile Átha Cliath. San ascaill shaibhir, fhaiseanta seo bíonn gach duine ag coinneáil amach taobh na honóra. Bíonn luach acu ar rudaí saolta - tithe, faisean, smideadh, airgead, a gcuid éadaí agus cóisirí. Bhí na comharsana ardnósach. Níl meas ar bith acu ar dhaoine nach bhfuil ar aon intinn leo. (m.s.h Eibhlín Ní Loingsigh).

***Uaillmhian:***

Tuigimid ón sliocht go bhfuil smacht ag Lisín ar a saol féin agus ar chúraimí an tí. Is bean uaillmhianach í mar nuair a bhuail sí lena fear blianta ó shin, thuig sí nach raibh uaillmhian aige. Is dócha gur chuir sí smacht air agus anois is léachtóir le gnó é. Is fíor gur fear uaillmhianach anois é.

# Cáca Milis

## Príomhimeachtaí an Ghearrscannáin

- Bhí Catherine, an príomhcharachtar le na máthair (Theresa) a bhí míchumasach sa charr agus iad taobh amuigh den stáisiún traenach.
- Bhí cuma imní ar an máthair agus cuma crosta ar Catherine. Is léir nach bhfuil fonn uirthi aire a thabhairt dá máthair.
- Tháinig an altra Nóra chun aire a thabhairt do mháthair Catherine. Chaill Catherine a traein a fháil chun na cathrach go dtí a hionad oibre.
- Shuigh fearr dall (Paul) os a comhair.
- Chuir sé isteach ar Catherine mar bhí suíocháin eile sa charráiste agus bhí fonn uirthi a leabhar a léamh. Bhí an fear dall corrthónach (*restless*) agus bhí sé ag útamáil (*fumbling*).
- Thosaigh sé ag caint léi ach ní raibh suim dá laghad aici ina chuid cainte.
- Thóg sé amach cáca milis agus d'iarr sé uirthi caife a fháil dó ach bhí drogall ar Catherine cúnamh a thabhairt dó.
- Bhí droch-asma air agus d'úsáid sé a analóir go minic.
- D'inis an fear dall do Catherine go raibh sé ar dul ar a shaoire go cathair a mháthar.
- Dúirt sé go raibh eolas na slí de ghlanmheabhair aige agus ceist a chur ar cad a bhí taobh amuigh den fhuinneog.
- Dúirt Catherine bréag dó mar bhí sí feargach agus bréan den fhear.
- Bhain an mhéid sin geit as mar bhí an ceart aige i gcónaí.
- Dúirt Catherine go raibh péist sa cáca milis a bhí á ithe aige agus stop sé á ithe.
- Bhuail taom asma é, bhí cabhair uaidh ach bhog Catherine an t-análóir. Fuair an fear dall bás fiú nach raibh sé tuillte aige.

## Na Príomhcharachtair

***An fear dall (Paul):***

Tá sé corrthónach agus drochbhéasach agus bíonn sé ag útamáil, rud a chuireann isteach go mór ar Catherine. Cé go bhfuil sé dall tá sé sásta ann féin. Tá drochnósanna aige; bíonn sé ag caint gan stad agus itheann sé ar nós muice. É sin ráite, ní raibh a bhás tuillte aige.

***Catherine:***

Tugann sí aire dá máthair mhíchumasach agus tá fonn uirthi a scíth a ligean ar an traein. Ar an traein, feicimid go bhfuil sí teann (*tense*) agus borb (*rude*). I dtosach,

bhí sí sách cineálta leis an bhfear dall ach sa deireadh, bhris ar a foighne (*her patience broke*). Feicimid gur bean dhíoltasach, chruálach í mar bogann sí análóir an fhir nuair a bhuaileann taom asma é. Ní raibh trua aici dó agus é i bponc ceart.

## Mothúcháin

***Mothúcháin na mná:***

Nuair a bhuaileann sí leis an bhfear dall i dtosach tá sí foighneach. Diaidh ar ndiaidh, lena dhrochnósanna, cuireann an fear dall isteach ar Catherine agus nuair a bhriseann a fhoighne nochtar gangaid, frustrachas, mothú feirge agus díoltas na mná *(bitterness, frustration, provoction and the woman's revenge is exposed*).

***Mothúcháin an fhir:***

I dtosach is fear cainteach, beo agus lúcháir (*joy*) é an fear dall. Athraíonn anamúlacht (*livliness*) an fhir nuair a rinne Catherine bob air feicimid míchinnteacht agus imní an fhir. Níl sé compordach ann féin a thuilleadh. Bhí sé neirbhíseach agus é ag scuabáil na gcos faoin mbord gan stad.

## Téamaí

***Díoltas:***

Cuireann an fearr dall isteach go mór ar Catherine le linn a turais. Éisteann sí lena chuid scéalta, bíonn sé ag scuabáil na gcos faoin mbord agus ag ithe ar nós muice. Tá ciúnas agus suaimhneas ag teastáil uaithi ach leanann sé ag caint léi gan stad. Insíonn sí bréag dó faoin radharc ón bhfuinneog. Nochtar díoltas na mná nuair a bhuail taom asma ar an bhfear dall agus níor thug sí cabhair ar bith dó. Bhog sí análóir an fhir.

***Frustrachas:***

Ó thús deireadh an gearrscannáin tá Catherine ina bambairne (*frustrated*). Tá sí faoi bhrú mar tugann sí aire dá máthair mhíchumasach. Leanann an frustrachas sin ar aghaidh sa traein mar cuireann an fear dall isteach go mór uirthi. Ní bhogann sé di an t-am ar fad (*he doesn't leave her be.*.). Is é toradh an fhrustrachais seo ná gníomh dhíoltasach (*a vengeful act*) ina fhaigheann an fear dall bás.

## Teicníochtaí Scannánaíochta

**Cóid phearsanta**

**Dreach gnúise (facial expression):** Feictear fearg, crá agus fonn díoltais ar aghaidh na mná sa ghearrscannán. Feictear sonas, féinmhuinín, imní agus sceon ar aghaidh an fhir dhaill. **Bogadh cinn agus beannachtaí (head movements and greetings):** Feictear iad sa bheirt charachtar sa ghearrscannán.

**Éadaí:** Caitheann na carachtair éadaí nua-aimseartha. Bíonn an bhean gléasta go faiseanta agus an fear dall níos neamhfhoirmiúla lena bhróga spóirt.

**Cóid theicniúla**

**Miondhearcadh (close-up):** Úsáidtear é seo go forleathan sa scannán. Bíonn fócas ag an gceamara ar aghaidheanna na beirte chun a gcuid mothúchán a léiriú. Ós rud é

nach bhfuil ach beirt phríomhcharachtar sa scannán is gá díriú orthu siúd amach is amach.

**Fad-dhearcadh (long shot):** Úsáidtear é seo ó am go chéile sa scannán. Feicimid an radharc tíre trí fhuinneog na traenach agus feictear an traein ag imeacht as an stáisiún ag deireadh an scannáin. Freisin, feictear roinnt daoine eile sa traein. Tugann sin le fios go raibh spás go leor sa charráiste ach gur shuigh an fear dall in aice leis an mbean fós.

**Soilsiú:** Ní bhíonn gá leis seo sa scannán mar is i rith an lae a tharlaíonn na heachtraí ar fad.

**Baill (props):** Tá cúpla ball lárnach sa ghearrscannán: is ball é an cáca milis a itheann

# Filíocht

**An Spailpín Fánach**

***File Anaithnid***

## An Cineál Dáin

Amhrán de chuid na ngnáthdhaoine é an dán seo. Is dán tírghrá, polaitiúil é ina dtugann an file léiriú dúinn ar chruatan an tsaoil i measc na cosmhuintire san 18ú haois. Is dán deoraíochta (*exile*) é mar tá an file ar deoraíocht óna chontae dúchais agus é ag taisteal na tíre ag spailpínteacht.

## Téamaí an Dáin

Is é **saol crua na spailpíní** téama an dáin seo. Tá an spailpín tinn tuirseach den saol crua atá á chaitheamh aige, é beo bocht agus amuigh go luath gach maidin ag iarraidh post a fháil. Saol ainnis (*miserable*) crua atá aige ag taisteal ó áit go háit ag lorg oibre.

Tá **téama na bochtaineachta agus na polaitíochta** fite fuaite le saol na spailpíní chomh maith. Fuair na spailpíní pá an-íseal ó na tiarnaí talún. Ba mhaith leis an bhfile malairt saoil a bheith aige agus tá sé réidh chun dul ag troid i gcoinne na Sasanach.

Téama eile atá le feiceáil na **tírghrá.** Tá tagairtí sa dán don Éirí Amach na nÉireannach Aontaithe 1798. Tá an Éirí Amach seo faoi lán seoil agus tá sé i gceist ag an spailpín earcú sna hÉireannaigh Aontaithe (*recruirt for the United Irishmen*) d'fhonn saoirse a bhaint amach (*in order to obtain freedom*).

## Mothúcháin an Dáin

**Brón/Éadóchas/Briseadh Croí**

Seo iad na mothúcháin is treise sa dán. Tá brón agus briseadh croí ar an bhfile mar níl dínit ar bith aige. Oibríonn sé go dian ar bheagán pá agus níl meas madra ag na feirmeoirí saibhre ardnósacha air. Tá sé tuirseach traochta de bheith ag obair mar sclábhaí feirme in áiteanna éagsúla timpeall na tíre. Lá i ndiaidh lae, bíonn sé ag fulaingt agus ag streachailt lena shaol. Is fuath leis nuair a ghlaonn daoine 'an spailpín fánach' air agus caithfidh sé cur suas leis mar tá sé beo bocht. Tá sé réidh le hathrú.

**Fearg/ Náire**

Níl meas madra ag éinne ar an bhfile. Is fuath leis nuair a ghlaotar 'an spailpín fánach' air mar is file é. Cuireann sé sin fearg air. Bíonn air taisteal ar fud na tíre ag lorg oibre óna feirmeoirí saibhre ardnósacha. Bíonn náire an domhain air nuair a théann sé go dtí na margaí híreáltа mar bíonn *bodairí na tíre* ag féachaint anuas air. Níl dínit ar bith aige. Tá sé i gcruachás agus faoi ghlas ina shaol féin.

**Íomhánna**

**An chéad íomhá: An Spailpín Fánach**

Tugtar íomhá bhrónach den spailpín os ár gcomhair. Tá air dul ó áit go háit ag lorg oibre agus é tinn go minic mar bhí air éirí go moch ar maidin agus oibriú sa drochaimsir. Is beag dínit atá aige *'Is spailpín fánach atáim le fada/ag seasamh ar mo shláinte'.* Caithfidh sé go dul go dtí an margadh híreálta chun post a fháil ó na feirmeoirí saibhre, ardnósacha. Níl meas madra ag na feirmeoirí seo air. Is léir go bhfuil sé tinn tuirseach den saol seo agus deireann sé go rachaidh sé ag troid na Sasanach chun iad a chaitheamh amach as a thír dhúchasach.

**An dara íomhá: Éire**

Is léir go raibh cúrsaí in Éirinn dian agus crua. Saol fíorbhocht a bhí á chaitheamh ag an bhfile agus ag go leor daoine eile. Timpeall na tréimhse seo, bhí muintir na hÉireann faoi chois ag Sasana. Bhí na Péindlíthe i bhfeidhm in Éirinn. Bhí muintir na hÉireann ag súil le cabhair ón bhFrainc. Ní raibh saoirse ag Caitlicigh na tíre. Ní raibh siad in ann a gcreideamh, a dteanga nó a gcultúr dúchasach féin a mhúineadh ná fiú a chleachtadh. Chuir cumhacht na Sasanach náire agus fearg ar na filí agus ar mhuintir na hÉireann.

**Friotal**

Ní dán nua-aimseartha intleachtúil an dán seo ach dán simplí ceolmhar de chuid na ngnáthdhaoine. Mar sin, níl an friotal róchasta ann. Oireann friotail téama an dáin. Cruthaíonn siad pictiúr soiléir de shaol an spailpín dúinn. Úsáideann an file téarmaí Béarla a bhíodh coitianta go leor ag an am ar nós 'fees' agus 'croppies'.

**Athrá**

Cuireann athrá béim mhacánta ar chás bocht an fhile tríd an dán. Tá sé fíor-éifeachtach amach is amach. Tá athrá ar theideal an dáin ag deireadh gach véarsa. Is cleas cliste é agus is sórt curfá an t-athrá sin agus cuireann sé go mór le ceol an dáin Cuireann an t-athrá ar 'go deo' sa tríú véarsa an-bhéim ar chás an spailpín.

**Atmaisféar**

Cruthaíonn an file atmaisféar den tréimhse stairiúil. Ní deacair an spailpín a shamhlú ar a chamchuairt ar lorg oibre séasúraí (*it's not hard to imagine the spailpín wandering around looking for seasonal work*). Léirítear cruatan an tsaoil, leadrán na hoibre agus éirí in airde na bhfeirmeoirí saibhre.

**Codarsnacht**

Déantar codarsnacht idir an saol a bhí ag an spailpín fánach ag obair go dian agus é ag taisteal ó áit go háit agus idir an obair a dhéanfaidh sé mar shaighdiúir ag troid ar son na saoirse. Déantar codarsnacht chomh maith idir shaol na spailpíní agus idir shaol na bhfeirmeoirí saibhre, ardnósacha.

**Meadaracht**

Is amhrán é an dán seo. Cuireann an file béim ar na gutaí fada. Mar shampla: fánach/atáim; sláinte/ráithe; sáite/brách agus mar sin de.

# Géibheann

## File an Dáin

***le Caitlín Maude***

Rugadh file an dáin seo Caitlín Maude i Ros Muc, i gConamara sa bhliain 1941. Oileadh mar mhúinteoir í agus chaith sí tréimhse ar fud na tíre ag múineadh. Bhí clú uirthi, áfach, mar aisteoir, amhránaí agus iriseoir. Scríobh sí an dráma an 'Lasair Choille'. Fuair sí bás den ailse sa bhliain 1988.

## Cúlra an Dáin

Meafar atá sa dán seo de shaol an fhile. Labhraíonn sí trí bhéal an ainmhí agus déanann sí cur síos ar a cás féin. Ba bhean neamhspleách í uair amháin ina saol ach braitheann sí teanntaithe anois. Seans go mbaineann an dán leis an easpa saoirse a bhraith an file agus í go dona tinn le hailse. Cé gur dán gearr é is dán dorcha, casta é.

## Téamaí an Dáin

Is é **easpa saoirse** buntéama an dáin seo. Bhí an t-ainmhí saor uair amháin ach anois tá sé i ngéibheann. Is dán fáthchiallach é. Mar sin, tá an file ag caint fúithi féin. Bhí sí neamhspleách uair amháin ach anois braitheann sí go bhfuil sí teanntaithe ina saol. Seasann cruachás an ainmhí seo do shaol teoranta an fhile (*restricted life of the..*). Fuair an file seo bás den ailse agus í daichead bliain d‟aois. Baineann an dán leis an easpa saoirse a bhraith an file agus í go dona tinn.

Is é **cúrsaí timpeallachta** téama eile atá sa dán. Tá na coillte agus na foraoisí scriosta ag an gcine daonna agus tógadh an t-ainmhí as a thimpeallacht nádúrtha agus cuireadh isteach i dtimpeallacht mhínádúrtha é. Níl sé nádúrtha don ainmhí allta a bheith teanntaithe sa zú. Mar sin, léiríonn an file cruálacht an duine i leith ainmhithe allta.

## Mothúcháin an Dáin

**Brón/Éadóchas**

Tá brón ar an ainmhí mar bhí an t-ainmhí saor uair amháin ach anois tá sé i ngéibheann. Tá sé gan chumhacht agus gan saoirse i spás cúng sa zú. Bhí an file neamhspleách uair amháin ach anois braitheann sí go bhfuil sí teanntaithe ina saol. Mar sin, tá brón an domhain uirthi. Seasann cruachás an ainmhí seo do shaol teoranta an fhile. Is léir go bhfuil sí in umar na haimléise. Tá a misneach caillte aici. Mothaíonn an file go bhfuil sí teanntaithe ina saol. Níl bealach éalaithe aici, ar an drochuair. Cruthaíonn an file atmaisféar an éadóchais go paiteanta/soiléir.

**<u>Frustrachas</u>**

Feicimid frustrachas an ainmhí sa dara véarsa. Níl sé compordach sa timpeallacht mhínádúrtha ina bhfuil sé. Éiríonn sé bréan den saol agus tá sé leath ina chodladh. Teastaíonn a sheansaol uaidh agus cuireann an easpa saoirse atá aige isteach go mór air. Níl a chumhacht, a neart agus a shaoirse aige a thuilleadh.

**Uaibhreas/Bród**
Is léir go bhfuil an t-ainmhí uaibhreach/bródúil as a chumhacht, a áilleacht agus as a neart uair amháin. Sa chéad véarsa léiríonn sé go raibh sé in ann an domhain a scanrúil uair amháin agus tá an t-ainmhí fiáin bródúil as féin mar gheall ar sin. Bhí sé sláintiúil agus ag baint taitnimh as an saol.

**Íomhánna**

An chéad phríomh-íomhá:
Sa chéad véarsa is léir go bhfuil an t-ainmhí uaibhreach as a chumhacht, a áilleacht agus as a neart uair amháin. Sa chéad véarsa léiríonn sé go raibh sé in ann an domhain a scanrúil uair amháin agus tá an t-ainmhí fiáin bródúil as féin mar gheall ar sin. Bhí sé sláintiúil agus ag baint taitnimh as an saol. Cé gur dán fáthchiallach é seo, bhí an file bródúil uair amháin. Bhí go leor saoirse aici agus duine láidir, neamhspleách ab ea í.

An dara príomh-íomhá:
Sa dara véarsa, déantar cur síos ar an ainmhí bocht atá gan chumhacht, gan saoirse agus é faoi ghlas i spás cúng sa zú. Níl sé ina thimpeallacht nádúrtha a thuilleadh agus níl sé compordach ann féin. Tá ábhar an dáin níos doimhne ná seo. Is ionann an t-ainmhí agus an file. Tá an file gan chumhacht, gan saoirse agus í faoi ghlas i spás cúng ina saol féin. Tá sí i gcruachás agus santaíonn an file saoirse.

**Codarsnacht**
Tá codarsnacht láidir idir an ainmhí a bhí sa choill fadó agus an t-ainmhí atá sa zú anois. Bhí sé ina ainmhí bródúil, cumhachtach, láidir, neamhspleách uair amháin agus é ina thimpeallacht nádúrtha. Anois, tá sé gan bhród, gan chumhacht agus gan saoirse agus é faoi ghlas i dtimpeallacht mhínádúrtha sa zú. Tá sé leath ina chodladh agus é bréan den saol. Níl rian den dínit (*no trace of dignity*) ná den fhuinneamh fágtha aige. (mar an gcéanna leis an bhfile). Tá codarsnacht ar leith idir 'crainnte na coille' agus an 'crann aonraic sin thall'. Déanann an file laghdú cliste ar shaol nádúrtha an ainmhí mar a bhí agus a shaol mar atá anois. Tá codarsnacht le feiceáil idir daoirse (*oppression*) agus saoirse tríd an dán.

**Friotal**
Baineann an file úsáid as friotal nádúrtha simplí. Éiríonn léi cás an ainmhí a chur os ár gcomhair go healaíonta. Chomh maith leis sin, baineann sí úsáid as caint na ndaoine. Cé go bhfuil friotal lom, nádúrtha, simplí ann, éiríonn go maith leis an bhfile na téamaí easpa saoirse agus cúrsaí timpeallachta a chur in iúl don léitheoir go héifeachtach.

**Meafar**
Tá meafar leanúnach le feiceáil tríd an dán seo. Is ionann an t-ainmhí fiáin agus an file. Is ionann easpa saoirse an ainmhí agus easpa saoirse an fhile.

# An tEarrach Thiar

***Máirtín Ó Direáin***

## File an Dáin

Rugadh Máirtín Ó Direáin in Inis Mór, Oileáin Árann sa bhliain 1910. D'fhág sé an t-oileán i 1928 agus ghlac sé post in Oifig an Phoist i nGaillimh. Ó 1937 ar aghaidh d'oibrigh sé státseirbhís agus bhí sé ina chónaí i mBaile Átha Cliath. Tá clú agus cáil ar Ó Direáin mar dhuine d'fhilí móra ár linne. D'fhoilsigh sé go leor leabhar filíochta agus leabhar próis amháin. Tá téama an oileáin le feiceáil go minic ina chuid filíochta. Thaitin saol an oileáin go mór leis agus bhraith sé uaidh é (*he missed it*) nuair nach raibh sé ann. Níor thaitin Baile Átha Cliath leis. Fuair sé bás i 1988 agus é ar dhuine de na filí is fearr sa Nua-Ghaeilge.

## Téamaí an Dáin

Is é **grá áite** príomhthéama an dáin seo. Tá an file ag moladh a áit dúchais tríd an dán go léir. Cruthaíonn sé pictiúr tarraingteach, síochánta, rómánsúil d'Oileán Árann. Blaistear aoibhneas an earraigh (*one tastes the pleasantness of spring*) ar Oileáin Árann trí cheithre íomhá a chur in iúl. Cuireann sé a ghrá in iúl go héifeachtach trí úsáid a bhaint as na híomhánna seo. Léitear faoi ghnáthimeachtaí laethúla in Oileáin Árann agus cuireann an file na híomhánna seo in iúl le sonas, ciúnas agus síochánta.

Is téama eile **saol Oileáin Árann mar a bhí fadó.** Déanann Ó Direáin cur síos mealltach (*enticing*), dearfach ar shaol suaimhneach mhuintir Inis Mór san earrach.

Téama eile atá ann ná **cuimhní brónacha an fhile dá bhaile dúchais agus den nádúr féin: an dea-aimsir, an fharraige chiúin srl.**

Is téama ginearálta é **cumha an fhile i ndiaidh saol atá thart** le blianta anuas.

## Mothúcháin an Dáin

**Grá:** Tá grá thar cuimse ag an file dá áit dúchais agus sin é an fáth go scríobhann sé dán gleoite faoi. Tugann Ó Direáin cur síos ar dhaoine atá sona sásta leis an saol traidisiúnta atá acu ar Oileán Árann. FÉACH THUAS: TÉAMAÍ - GRÁ ÁITE

**Sonas/Suaimhneas/Áthas:**
Tá na mothúcháin seo fíor láidir sa dán seo. Tá an dán ar maos (*steeped*) sa tsíocháin. Cruthaíonn Ó Direáin íomhá fhoirfe de shíocháin an oileáin tríd an dán. Is breá leis an file a bheith ag smaoineamh ar an oileán mar a bhí fadó.

**Uaigneas/Brón/Cumha:**
Tá na mothúcháin seo le haireachtáil (*to be felt*) sa dán seo. Is léir go bhfuil uaigneas ar an bhfile agus é ag cur síos ar a oileán dúchais. Is cuimhin le Ó Direáin na radhairc agus na fuaimeanna a bhaineann leis an saol sin agus is léir go bhfuil cumha air ina ndiaidh. Thaitin

saol an oileáin go mór leis agus bhraith sé uaidh é. Mar gheall ar sin, tá brón an domhain air.

## Teicnící Fileata

**Íomhánna**
Tá sraith de cheithre íomhá éagsúla sa dán seo. Léiríonn siad an nasc láidir a bhí idir muintir Árann agus an dúlra. Is soiléir go spreagann na híomhánna áille niamhracha (*bright*) seo cumha inár gcroí. Ní gá dúinn fiú cuairt a thabhairt, ná súil a leagadh, ar an oileán féin ós rud é go n-éiríonn leis Ó Direáin muid a thabhairt siar leis go hÁrainn ar sciatháin draíochta a cheirde (*on the magical wings of his trade*).

- Tá fear ag rómhar agus é ag glanadh na spáide.
- Tá fear eile ag bailiú feamainne chun an cré a leasú.
- Tá na mná i loganna uisce agus a gcótaí tógtha suas acu, ionas nach bhfliuchtar iad Tá an curach lán d'éisc ag teacht i dtír. Tá dath óir ar an uisce faoi sholas na gréine.

**Friotal**
Baineann an file úsáid as foclóir nádúrtha, tíriúil chun na híomhánna den saol in iarthar na hÉireann a chur os ár gcomhair: 'cré', 'spád' agus 'an fheamainn dhearg'. Úsáideann Ó Direáin sraith de cheithre íomhá éagsúla sa dán a bhaineann leis an saol in Inis Mór mar a bhí fadó. Chomh maith leis sin, tá sórt curfá ag deireadh gach véarsa a chuireann béim ar shonas an fhile agus é ag samhlú na radharc álainn sin. Tá an dán an-simplí ó thaobh friotail de. Tá macántacht agus dáiríre le mothú i stíl shimplí nádúrtha an dáin féin.

**Athrá**
Críochnaíonn gach véarsa leis an líne céanna, 'San Earrach thiar' agus neartaíonn an t-athrá seo an íomhá den oileán san earrach. Cuireann an t-athrá seo áilleacht gach íomhá in iúl go héifeachtach.

**Atmaisféar**
Tá atmaisféar síochánta suaimhneach le brath sa dán. Dar le Ó Direáin, tá Oileán Árann foirfe agus cuireann an file ceithre íomhá éifeachtach os ár gcomhair chun áilleacht agus foirfeacht na háite a chur in iúl. Tá cuimhní áille aige ar shaol an oileáin, saol a bhí i dtiúin leis an dúlra agus leis na séasúir. Cruthaíonn an file an t-atmaisféar suaimhneach síochánta trí na híomhánna agus na haidiachtaí sa dán. Baineann gach íomhá leis an duine ag comhoibriú leis an dúlra. Bhraith muintir an oileáin go hiomlán ar an talamh agus ar an bhfarraige chun teacht slán.

**Dathanna agus Fuaimeanna**
Luann Ó Direáin trí dhath agus gan amhras tá cuid de na híomhánna dírithe ar an tsúil agus cuid eile ar an gcluais. Luann an file dearg (an fheamainn dhearg), bán (ar dhuirling bháin), agus órga (ar ór-mhuir mhall). Baineann an file úsáid éifeachtach as na dathanna seo agus téann siad i bhfeidhm go mór ar an léitheoir.

**Meadaracht**
Saorvéarsaíocht atá sa dán seo. Mar sin, ní chloíonn an file le rialacha ar bith. Baineann éifeacht agus cumhacht an dáin seo leis an tsaoirse an bhaineann leis an tsaorvéarsaíocht. Chomh maith leis sin, tá rithim ghnáthchainte sa dán seo agus úsáideann Ó Direáin athrá (*repetition*) ag deireadh gach véarsa mar churfá.

**Mo Ghrá-sa**
**(Idir Lúibíní)**

***Nuala Ní Dhomhnaill***

# File an Dáin

Rugadh Nuala Ní Dhomhnaill i Lancashire, Sasana sa bhliain 1952 ach tógadh le Gaeilge í i gCorca Dhuibhne i gCiarraí. Rinne sí staidéar ar an nGaeilge agus ar an mBéarla i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Phós sí Dogan Leflef, fear ón Tuirc agus chaith sí roinnt blianta ina cónaí ansin. Tá an bheirt acu ina gcónaí i mBaile Átha Cliath le ceathrar páistí. Tá breis is cúig chnuasach filíochta foilsithe aici agus tá an-chuid gradam bainte aici. Aistríodh a cuid filíochta go Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Polainnis, Iodáilis agus Seapáinis. Is duine de mhórfhilí na Gaeilge í.

## Téamaí an Dáin

Is é **grá** téama an dáin seo. Baineann an dán seo le grá gan chuntar (*unconditional love*) an fhile dá leannán. Ach ní grá rómánsúil é – déanann an file iarracht a bheith réalaíoch. Níl a leannán cosúil le réaltóg scannán. Ní fear dathúil é, ach is cuma léi mar tá sé deas, cineálta. Tá an dán seo bunaithe ar an dán le Shakespeare "My Mistress‟s Eyes are Nothing Like the Sun". Sa dá dhán, deirtear nach bhfuil an leannán dathúil, ach gur cuma leis an bhfile. Tá greann le feiceáil nuair a thugann an file seo cur síos lom dúinn ar chuma a fir. B‟fhéidir nach bhfuil sé cosúil le bláth ar bith. B‟fhéidir go bhfuil a shúile róghar dá chéile. B‟fhéidir go bhfuil a ghruaig cosúil le deilgne. Ach níl sin tábhachtach, mar tugann sé úlla agus caora fíniúna di.

Ní dán grá, nósmhar, coinbhinsiúnach (*conventional*) é. Is aoir é an dán seo ar na seandánta grá. Sa chineál sin filíochta moladh an leannán go hard na spéire. Cuireadh béim mhór ar áilleacht fhisiciúil an leannáin. Cuireadh an leannán (bean de ghnáth) i gcomparáid le bláthanna go minic agus i gcónaí bhí sí mealltach, álainn agus foirfe. Bean atá ag caint sa dán seo faoina leannán agus déanann sí cur síos áiféiseach, magúil agus greannmhar ar a lochtanna. D'fhéadfaí a rá gur dán frithghrá é an dán seo.

# Mothúcháin an Dáin

**Grá:** Is é grá an mothúchán is láidre sa dán seo. Tá an file i ngrá lena leannán agus déanann sí cur síos air. Cáineann sí é mar gheall ar a easpa áilleachta, ach déanann sí seo i mbealach an-spórtúil, go háirithe sna tagairtí do na nóiníní agus 'aon ghlaise ceolmhar'. Is é an rud a bhíonn sa chroí an rud is tábhachtaí agus ag deireadh an dáin, tuigimid go bhfuil grá gan chuntar ag an bhfile dá leannán d'ainneoin a easpa áilleachta!

É sin ráite, tá **magadh** sa dán seo. Cé go bhfuil an file ag magadh faoina grá tá sé soiléir ag an deireadh go bhfuil sí i ngrá leis. Tá an file ag magadh faoin mbéim atá ar thréithe fisiciúla a leannáin sa dán seo. Bíonn spórt ag an bhfile ag magadh faoina grá agus á lochtú (*finding fault with him*). Cuireann an file an-bhéim ar na tréithe fisiciúla mídhathúla atá aige - tá a shúile agus a chuid gruaige lochtach. Cé go bhfuil an cur síos ar an bhfear greannmhar agus

áibhéalach (*exaggerated*), tuigimid go bhfuil frustrachas ar an bhfile leis na seandánta agus leis an dearcadh coitianta ar an ngrá agus ar dhathúlacht. Is cuma sa diabhal an mbreathnaíonn duine cosúil le bláth na n-airní nó an bhfuil gruaig cosúil le síoda air/uirthi. Mura bhfuil an duine cneasta, cineálta cén mhaith atá ann/inti? Tá meas ag an bhfile ar dheathréithe a fhir. Is duine fial, flaithiúil é agus tugann sé aire mhaith di. Tuigeann an file gurb iad sin na rudaí is tábhachtaí in aon ghaol:

*'Tugann sé dom Úlla*

*(is nuair a bhíonn sé i ndea-ghiúmar caora*

*fíniúna)'*

Téama eile atá le feiceáil sa dán seo ná **dearcadh na coitiantachta** (*the common perception*) atá ann i dtaobh an ghrá. De réir an dearcaidh seo ba chóir don fhear a bheith tarraingteach agus dathúil i gcónaí. Is í seo an íomhá rómánsúil atá coitianta sna meáin chumarsáide agus i gcúrsaí faisin na laethanta seo. Cuirtear an-bhéim go deo ar thréithe fisiciúla an fhir - ard, dathúil le gruaig chiardhubh air. Ní chuirtear béim ar na tréithe pearsanta a bhíonn aige - flaithiúlacht, cneastacht, láíocht (*pleasantness*), macántacht agus mar sin de.

## Teicnící Fileata sa Dán

**Íomhánna**

**Leannán an fhile:**

Baineann an file an-úsáid as sraith íomhánna chun cur síos neamh-mhaoithneach (*unsentimental*) lom a dhéanamh ar a grá. Níl an fear seo dathúil, tarraingteach in aon chor. A mhalairt atá fíor. Tosaíonn an file an dán le nóta diúltach:

*'Níl mo ghrá-sa*
*Mar bhláth na n-airní'*

Bhí samhail (íomhá) mar sin an-choitianta sna seanamhráin ghrá. Tá an cur síos ar a grá anmhacánta agus réalaíoch. Sna seandánta grá, mhol na filí an leannán nuair a chuir siad é/í i gcomparáid leis an dúlra, le bláthanna bána na n-airní. Tá an file ag rá anseo nach bhfuil a grá dathúil sa bhealach nósmhar. Is cuma má tá na bláthanna ag fás i ngairdín nó in aon áit, níl a grá cosúil leo!

Níl a grá cosúil leis na nóiníní bána ach an oiread agus má tá sí chun labhairt faoina grá agus na nóiníní, beidh sí ag caint faoina bhás agus ní faoina aghaidh! Tá sí ag magadh faoi na seandánta agus is dócha ag magadh faoina grá féin.

Níl a shúile ná a chuid gruaige álainn, dathúil in aon chor. Sna seandánta grá moladh na gnéithe fisiciúla sin den leannán thar aon rud eile. Tá an cur síos anseo fíochmhar (*fierce*) agus gránna agus tá an ghruaig atá air cosúil le sreang dheilgneach in ionad síoda álainn.

Molann an file carachtar a grá, áfach - tá sé fial, flaithiúil agus smaointeach leis an bhfile agus tugann sé aire mhaith di, rud atá níos tábhachtaí ná a bheith dathúil. Taispeánann sí nach ionann a bheith dathúil agus a bheith flaithiúil agus grámhar. Tugann sé aire mhaith di; is meafair iad na húlla agus na caora fíniúna. Seasann na húlla do riachtanais an tsaoil agus na caora fíniúna do shónna an tsaoil, rudaí a thugann a grá di. Tá sé ann di i gcónaí, is féidir léi brath air.

**Colscaradh**

## File an Dáin

**Pádraig Mac Suibhne**

Rugadh Pádraig Mac Suibhne i nDún na nGall sa bhliain 1942. Bhain sé céim amach sa Ghaeilge agus sa stair. Ba mhúinteoir iarbhunscoile agus ba phríomhoide é. Tá trí chnuasach filíochta foilsithe aige chomh maith le gearrscéalta scríofa aige.

## Téama an Dáin

Is é téama an dáin seo ná **an choimhlint atá ag an lánúin pósta**. Tá mianta difriúla ag an bhfear agus ag an mbean faoin saol pósta. Ba mhaith leis an bhfear pósadh traidisiúnta ach ba mhaith leis an mbean pósadh nua-aimseartha. Feicimid an choimhlint seo le codarsnacht láidir sa dán. Déanann an file cur síos ar mhianta an fhir sa chéad véarsa. Ba mhaith leis a bheith pósta agus bheadh siad ina gcónaí i dteach a mhuintire:

*'i nead a chine'*

Bheadh suaimhneas agus grá acu. Bheadh siad cois tine sa teach. Chomh maith leis sin, bheadh áthas agus spórt acu ag tógáil páistí le chéile:

*'aiteas is greann i*
*dtógáil chlainne.'*

Is léir gur fear traidisiúnta é an fear seo. Mar sin, is íomhá traidisiúnta é seo.

Sa dara véarsa áfach, feicimid íomhá atá difriúil ar fad. Déanann an file cur síos ar mhianta na mná sa dara véarsa. Ba mhaith léi a bheith pósta le fear is leath den údarás aici: *'is taobh den bhríste'*

Tá teach agus grá ag teastáil uaithi chomh maith le leath den airgead. Tá fonn uirthi dul ar laethanta saoire thar lear agus bheadh meas ag daoine eile uirthi:

*'is leath den chíste*
*saoire thar lear is*
*meas na mílte'*

Ba mhaith leis an mbean a bheith neamhspleách. Ba mhaith léi a bheith cothrom lena fear chéile. Is léir gur bean neamhspleách, nua-aimseartha í. Mar sin, is íomhá nua-aimseartha é.

Tá a fhios againn ón teideal nach bhfuil ach réiteach amháin ar na fadhbanna atá acu. Sa deireadh scar siad. Mar sin is é an choimhlint atá ag lánúin pósta teideal an dáin seo.

## Mothúcháin an Dáin

Is iad **brón** agus **díomá** dhá mhothúchán sa dán. Déanann an file cur síos ar mhianta an fhir sa chéad véarsa. Ba mhaith leis a bheith pósta agus bheadh siad ina gcónaí i dteach a mhuintire. Ba mhaith leis an mbean a bheith neamhspleách. Ba mhaith léi a bheith cothrom

lena fear chéile. Tá codarsnacht láidir le feiceáil idir a mianta éagsúla. Tá díomá le feiceáil ag deireadh an dáin. Ní féidir na fadhbanna a réiteach. Mar sin tá brón agus díomá le feiceáil tríd an dán ó thús deireadh.

## Teicnící Fileata sa Dán

**Íomhánna**

- An chéad íomhá: An Fear

Déanann an file cur síos ar mhianta an fhir sa chéad véarsa. Ba mhaith leis a bheith pósta agus bheadh siad ina gcónaí i dteach a mhuintire:
*'i nead a chine'*
Bheadh suaimhneas agus grá acu. Bheadh siad cois tine sa teach. Chomh maith leis sin, bheadh áthas agus spórt acu ag tógáil páistí le chéile:
*'aiteas is greann i*
*dtógáil chlainne.'*
Is léir gur fear traidisiúnta é an fear seo. Mar sin, is íomhá traidisiúnta é seo.

- An dara íomhá: An bhean

Sa dara véarsa áfach, feicimid íomhá atá difriúil ar fad. Déanann an file cur síos ar mhianta na mná sa chéad véarsa. Ba mhaith léi a bheith pósta le fear is leath den údarás aici: *'is taobh den bhríste'*
Tá teach agus grá ag teastáil uaithi chomh maith le leath den airgead. Tá fonn uirthi dul ar laethanta saoire thar lear agus bheadh meas ag daoine eile uirthi:
*'is leath den chíste*
*saoire thar lear is*
*meas na mílte'*
Ba mhaith leis an bhean bheith neamhspleách (independent). Ba mhaith léi a bheith cothrom lena fear chéile. Is léir gur bean neamhspleách, nua-aimseartha (modern). Mar sin, is íomhá nua-aimseartha é.

**Friotal**
Baineann an file úsáid as friotal lom, simplí dúchasach sa dán seo. Níl ann ach dhá véarsa agus éiríonn go maith leis an bhfile fadhbanna agus mianta éagsúla na lánúine pósta a chur in iúl go héifeachtach le gontacht. Tá an ghontacht atá sa dá línte deireanacha an-éifeachtach: *'Thángthas ar réiteach. Scaradar'.*

**Codarsnacht**
Tá codarsnacht láidir idir mianta an fhir agus mianta na mná. Ba mhaith leis an bhfear a bheith pósta agus bheadh siad ina gcónaí i dteach a mhuintire. Bheadh siad cois tine sa teach. Chomh maith leis sin, bheadh áthas agus spórt acu ag tógáil páistí le chéile. Ba mhaith leis an mbean bheith neamhspleách. Ba mhaith léi a bheith cothrom lena fear chéile. Is léir gur fear traidisiúnta, seanfhaiseanta é an fear agus gur bean neamhspleách, nua-aimseartha í an bhean.

**Athrá**
Baintear úsáid as an focal 'santaigh' faoi dhó sa dán. Is focal cumhachtach é *santaigh.* Mar sin, tá éifeacht faoi leith ag an gcéad líne i dtús gach véarsa. Tugann sé le tuiscint nach bhfuil aon comhoibriú nó daonlathas i gceist. Is fiú a rá go bhfuil an focal 'saint' faoi cheilt (*hidden*) san fhocal *shantaigh* freisin.

# An Triail

## Buntéama an Dráma

Is é buntéama an dráma seo ná an drochíde a tugadh do chailín óg a d'éirigh torrach agus í gan a bheith pósta in Éirinn sna seascaidí. Feicimid nár bhuail Máire Ní Chathasaigh le haon rud ach míthuiscint, míchairdeas agus fimíneacht.

Nuair a d'éirigh Máire Ní Chathasaigh torrach agus í neamhphósta, chaith sí saol truamhéileach agus uaigneach go dtí go bhfuair sí bás.

- Cailín óg soineanta a bhí inti.
- Bhí an-smacht ag a máthair uirthi.
- Bhuail sí le Pádraig Mac Cárthaigh ag an rince sa teach scoile oíche amháin.
- Mheall an fear suarach seo í agus thit sí i ngrá leis.
- Sula i bhfad bhí Máire ag iompar clainne.
- Is ansin a thosaigh an saol ainnis di:
- Thréig Pádraig í.
- D'iompaigh a máthair uirthi agus rinne sí iarracht an leanbh a ghinmhilleadh.
- Ansin chaith sí amach ar thaobh an bhóthair í.
- Chuaigh sí go Baile Átha Cliath agus guair sí post le Bean Uí Chinsealaigh.
- Nuair a fuair an bhean seo amach go raibh sí torrach, thug sí bata agus bóthar di.
- Chuaigh sí isteach sa Teach Tearmainn ansin agus rugadh an leanbh.
- Chaith an t-oibrí sóisialta (Áine Ní Bhreasaíl) go dona léi. Rinne sí iarracht an leanbh a fháil uaithi.
- Dhiúltaigh Máire é seo a dhéanamh agus d'fhág sí an Teach Tearmainn.
- Fuair sí lóistín agus post i monarcha ag glanadh na leithreas.
- Nuair a thit an teach lóistín anuas, d'éalaigh gach duine seachas leanbh Máire.
- Ní raibh dídean ag Máire anois - í ina suí ar thaobh na sráide leis an leanbh. Níor thug na comharsana cabhair di mar bhí leanbh tabhartha aici.
- Mailí (an striapach) an t-aon duine a tháinig i gcabhair uirthi. Thug sí abhaile í agus fuair sí post di ag glanadh an tí.
- Bhí Máire in ann fanacht sa bhaile chun aire a thabhairt don leanbh.
- Nuair a tháinig Pádraig isteach le Mailí, cheap Máire go raibh sé ag teacht ar ais chuici. Ach, a mhalairt de scéal a bhí fíor.
- Dhiúltaigh Pádraig an leanbh a fheiceáil agus thug sé striapach ar Mháire.
- B'shin deireadh le dóchas Mháire. D'fhulaing sí an iomarca. Mharaigh sí an leanbh agus chuir sí lámh ina bás féin.

Mar sin, feictear dom go raibh saol ainnis ag Máire ón uair chinniúnach a fuair sí amach go raibh sí ag iompar clainne. Feicimid meon an tsochaí i leith máithreach aonair in Éirinn sna seascaidí go soiléir sa dráma seo.

## Téamaí eile an Dráma: Fimíneacht agus Easpa Críostaíochta

Is dráma an-bhrónach é seo faoi chailín óg, Máire Ní Chathasaigh a tógadh 'go creidiúnach is go críostúil'. Feictear síos tríd an dráma ina iomláine nár bhuail Máire le faic ach míchairdeas, míthuiscint agus fimíneacht ón nóiméad cinniúnach a fuair sí amach go raibh sí torrach.

Bhí an-bhéim leagtha ar an gcreideamh ina teaghlach, go háirithe i gcás na máthar. Is iomaí uair a chualamar an bhean seo ag caint faoi Dhia. Ina theannta sin, chonaiceamar an chlann go léir ar a nglúine ag rá an Choróin Mhuire. Bhí an-smacht ag an máthair ar an gclann - dar léi féin. Bhí sí de shíor ag clamhsán faoin ualach mór a bhí le hiompar aici. Bhí muinín aici as Dia, áfach agus chuir sí a fadhbanna ina lámha.

Ach nuair a fuair sí amach go raibh a hiníon ag iompar clainne agus í neamhphósta cad a rinne sí? Rinne sí dearmad glan ar Dhia agus ar chúrsaí moráltachta. Ní fhacamar ach easpa críostaíochta agus fimíneacht na mná seo. Ar an toirt, smaoinigh sí ar thuairimí na gcomharsan. Bhí sí ní ba bhuartha faoin stádas sa tsochaí ná mar a bhí sí faoina hiníon. Níor smaoinigh sí ar chás Mháire ar chor ar bith. D'impigh sí uirthi imeacht go Sasana, áit nach mbeadh aithne ag aon duine uirthi. Fiú amháin, rinne sí iarracht, an leanbh a ghinmhilleadh. Fimíneacht go smior nuair a smaoinímid go raibh an bhean seo chomh tógtha sin leis an reiligiún. Ní raibh ag teastáil uaithi ach go mbeadh Seán ina shagart, go mbeadh Máire ina bean rialta agus go mbeadh Liam sa bhaile ag tabhairt aire don fheirm agus di féin.

Is é an scéal céanna é maidir le deartháireachta Mháire - Liam agus Seán. D'iompaigh siad a ndroim uirthi in am an gháthair agus níor thaispeáin siad ach fimíneach agus easpa críostaíochta ina leith. Níor smaoinigh siad ar a ndeirfiúr óg a bhí i dtrioblóid. Smaoinigh siad orthu féin agus a stádas sa tsochaí. Dar leo bhí siad náirithe os comhair na gcomharsan.

Nuair a fuair Máire an post le Bean Uí Chinsealaigh, bhí ag éirí go han-mhaith léi. Bhí anchion ag na páistí uirthi. D'oibrigh sí go dian dícheallach. Bhí Bean Uí Chinsealaigh an-sásta léi - go dtí go bhfuair sí amach go raibh sí 'trom'. Gan a thuilleadh moille, thug sí an bóthar di mar níorbh fhéidir léi cailín neamhphósta a bhí torrach a choimeád ina teach:

> *'Cén leigheas a bhí agam air? Tá clann iníon agam. Ní fhéadfainn iad a fhágáil i mbaol caidrimh lena leithéid. Cad a déarfadh na comharsana? Cad a déarfadh na cailíní eile ar scoil? Cad a déarfadh na mná rialta?'*

Arís, feicimid nár smaoinigh an bhean seo ar chás Mháire. Smaoinigh sí uirthi féin agus ar na comharsana.

Nuair a tháinig an t-oibrí sóisialta, bhí sí chomh dona leis an gcuid eile a chuaigh roimpi. Bhí sí in ainm is a bheith ag cabhrú le cailíní cosúil le Máire. Ach, bhí sí fimíneach, neamhchairdiúil agus ardnósach. Chaith sí anuas ar an cailíní céanna agus is beag cabhair a thug sí do Mháire. An t-aon rud amháin a bhíag déanamh buartha di ná an leanbh a fháil do na tuismitheoirí nua. Chuir sí an-bhrú ar Mháire na cáipéisí a shíniú. Nuair a dhiúltaigh Máire na cáipéisí a shíniú tháinig racht feirge ar an mbean seo. Dúirt sé le Máire go raibh sí 'stuacach agus ceanndána'.

Nuair a thit an teach anuas, níor thaispeáin aon duine trua ná taise do Mháire ná dá leanbh. D'éalaigh bean an tí amach as an teach lena páistí féin. Rinne sí dearmad glan ar Phádraigín a bhí ina chodladh thuas staighre. Ba chuma léi faoin leanbh neamhurchóideach. Agus Máire ina suí go truamhéalach ar thaobh na sráide agus leanbh ina baclainn aici, níor thug oiread agus duine amháin de na comharsana dídean di mar cheap siad go raibh sí 'neamhchairdiúil...neamhmhuinteartha...rómhór dá bróga'. Ní féidir a shéanadh go bhfuil fimíneach agus easpa críostaíochta le feiceáil go soiléir anseo. Nuair a tháinig Seáinín an Mhótair ar an láthair bhí ionadh air mar bhí Máire ina suí ansin agus na mná ag féachaint go dímheasúil uirthi. Is é a dúirt sé ná 'Cé a deir gur tír chríostaí í seo?' Chonaic seisean fimíneacht na ndaoine thart timpeall air.

Mar sin, is léir go bhfuil fimíneacht agus easpa críostaíocht mar phríomhthéamaí sa dráma seo agus léirítear iad go fíorshoiléir síos tríd an dráma.

# Ceist 6A agus 6B

- Is fiú 15 mharc ceist 6 agus tá dhá léamhthuiscint ann. Is fiú 30 marc nó 5% ina iomlán an dhá cheist sin.

  Ceist 6A – is fiú 3 mharc an cheist seo. Is fiú 2 mharc don chéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc amháin don dara mír gramadaí atá ceart.

**Pointí gramadaí le samplaí**

1. Uimhreacha pearsanta (personal numbers)
    - Duine, beirt, triúr, ceathrar, cúigear….

2. Séimhiú (lenition)
    - Ní b**h**eidh sí, ba m**h**aith liom, a S**h**eáin

3. Réamhfhocail shimplí (simple preposition)
    - Ag – le – as – idir – ó – roimh – chuig – do – de – ar – i – thar

4. Forainmneacha réamhfhoclacha (prepositional pronouns)
    - Ar, Ag, Faoi, i, le, do, de, as, chuig, roimh, thar, trí, idir, ó, um.

5. An Aidiacht Shealbhach (possessive adjective)
    A capall (her horse), a chapall (his horse): ár, bhur, a mar shampla ár gcótaí, bhur dteach, a gcapall.

6. An Chopail (the Copula)
    - An, is, ba, ní, gur, nach, gurb, narb, gurbh, nárbh

7. An tÚrú (the eclipse)
    - mb – ar an mbróg, gc – leis an gcat, nd, dt, ng, bp, bhf, n-guta

8. Céimeanna Comparáide na hAidiachta (comparative adjectives)
    - Sárchéim: an duine **is fearr**, an buachaill **is lú**
    - Breischéim na haidiachta: tá Seán **níos lú** ná Síle

9. Briathra (verbs)
    - Aimsir Chaite: rinne, chaith, thóg, d'fhág
    - Aimsir Láithreach: féachaim/féachann sé/sí/aimid, leanaim/leanann sé/sí/aimid, bainim/baineann sé/sí/imid
    - Aimsir Fháistineach: rachaidh sé/sí/aimid, gheobhaidh sé/sí/aimid, léimfidh
    - Modh Coinníollach: rachainn/rachfá/rachadh, thógfainn/thógfá/thógfadh, ligfinn/ligfeá/ligfeadh, spreagfainn/spreagfá/spreagfadh
    - Aimisr Ghnáthchaite: bhínn, thugainn, d'fheictí
    - An Saorbhriathar: dún**adh** (**eadh**) A.C., dúntar/tear (A.L.), dúnfar/fear (A.F.), dhúnfaí, dhúntaí – The Free Verb
    - Modh Coinníollach: chuirfinn, cheannóinn, dhúnfainn, d'éiríonn

10. Aidiacht Bhriathartha (verbal adjective)
    - Déan**ta**, scrío**fa**, buail**te**

11. An tAinm Briathartha (Verbal Noun)

- **Ag** déanamh, **ag** scríobh, **ag** obair, **a** chaitheamh, **a** rá, **a** léamh

12. Ainmfhocail fhirinscneacha agus ainmfhocail bhaininscneacha (feminine and masculine nouns)
    - Firinscneach: an fear, an t-údar, an sagart, an t-irisleabhar
    - Baininscneach: an bhean, an tsráid, an chultúrlann, an fhorbairt

13. Ainmfhocal firinscneach uimhir uatha sa tuiseal ginideach (masculine nouns in the Genetive Case singular)
    - i lár **an** bha**ile**, in aice **an bháid**, geata **an bh**eala**igh**

14. Ainmfhocal bainiscneach uimhir uatha sa tuiseal ginideach (feminine nouns in the Genetive Case singular)
    - ar son na cúis**e**, i lár na blian**a**, i rith **na** Noll**ag**, rím **na** habairte

15. An Tuiseal Ginideach Iolra (genitive case plural)
    - bóthar na **dt**reabh, obair na **mb**each, obair na **gc**apall

**Seo liosta d'ábhar gramadaí a tháinig aníos ó 2012 go dtí 2022**

| | |
|---|---|
| 1. Ainmfhocal sa ghinideach uathu | 2012 |
| 2. Briathar san Aimsir Chaite | - |
| 3. Briathar san Aimsir Láithreach | 2015 |
| 4. Briathar san Aimsir Fháistineach | 2017 agus 2014 |
| 5. Briathar sa Mhodh Coinníollach | 2022, 2021, 2019, 2017, 2016 agus 2014 |
| 6. Briathar saor – Aimsir Chaite | 2022, 2021, 2019, 2015, 2014, 2013 agus 2012 |
| 7. Briathar saor – Aimsir Láithreach | 2018, 2017, 2016 agus 2012 |
| 8. Briathar saor – Aimsir Fháistineach | 2022, 2021, 2020, 2019, 2018, 2017 agus 2015 |
| 9. Céimeanna Comparáide na hAidiachta | 2020 agus 2018 |
| 10. Tuiseal Ginideach Uatha (Firinscneach) | 2021, 2018, 2017, 2015 agus 2013 |
| 11. Tuiseal Ginideach Uatha (Baininscneach) | 2022, 2019, 2016 |
| 12. Tuiseal Ginideach Iolra | 2020, 2016, 2014, 2013 agus 2012 |
| 13. Uimhreacha Pearsanta | 2013 |

# Ceist 6B san Ardteistiméireacht

- Ceist 6B – is fiú 12 mharc an cheist seo.
- Deghnáth is fiú 6 mharc do dhá phointe eolas. Lena chois sin, is fiú dhá mharc d'ainmniú na tréithe, mar shampla, agus ceithre mharc do chur síos a dhéanamh ar an tréith sin ón sliocht.
- Is leor **60 focal** do gach freagra.

**Seo liosta de na ceisteanna a tháinig aníos ó 2012 go dtí 2022**

| | |
|---|---|
| Cén cineál genre lena mbaineann an sliocht seo? | 2012, 2013, 2015 |
| Cad a léiríonn an sliocht seo faoi dhearcadh phobal Mheiriceá…..? | 2012 |
| Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, an dtaitníonn Steve Jobs leat? | 2013 |
| Scríobh síos dhá ábhar imní éagsúla a luaitear sna hailt agus cúis a luaitear le gach ceann de na hábhair imní sin. | 2014 |
| Luaigh dhá thréith a bhain le….? | 2022, 2021, 2014 |
| An eagraíocht mhaith í OYW? | 2015 |
| Déan plé i d'fhocail féin ar dhá phointe eolais faoin athrú aeráide a luann an t-údar | 2016 |
| Déan plé i d'fhocail féin ar dhá aidhm a bhí ag an údar?<br>Déan plé i d'fhocail féin ar dhá chúis ar scríobh an t-údar an sliocht seo? | 2020 agus 2016<br><br>2020, 2019, 2018 agus 2017 |
| Conas a chuaigh an sliocht i bhfeidhm ort? | 2022, 2021, 2018 agus 2017 |
| Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, luaigh dhá thréith a bhain le Constance Markievicz dar leat. | 2019 |

Tá an dá cheist seo an-chosúil lena chéile agus is féidir linn na freagraí céanna a úsáid chun an cheist a fhreagairt:

- Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, déan plé, i d'fhocail féin, **ar dhá chúis** a scríobh an t-údar an sliocht seo. (Is leor 60 focal).
- Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, déan plé, i d'fhocail féin, **ar dhá aidhm** a bhí ag údar an

I mo thuairim, is í an aidhm/an chúis gur scríobh an t-údar an sliocht seo ná chun:

- **eolas cuimsitheach a thabhairt dúinn ar an ábhar seo/an duine seo**
- cur síos a dhéanamh ar 'an duine' nó 'an t-ábhar'
- **an t-ábhar seo a chur chun solas**
- eolas a thabhairt don léitheoir maidir leis an ábhar seo
- tá paisean aige/aici don ábhar seo agus ba mhaith leis/léi eolas a thabhairt dúinn air
- tá cur chuige uathúil aige/aici ar an ábhar seo agus ba mhaith leis an údar eolas a thabhairt dúinn ar a c(h)ur chuige ar an ábhar seo

- Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, luaigh **dhá** thréith pearsanta a bhain le húdar an tsliochta seo. Bíodh an freagra, i d'fhocail féin. Is leor **60** focal.)

I mo thuairim is duine:

- **áthasach** é an t-údar mar is léir ón sliocht go bhfuil siad sásta mar gheall ar an gcaoi a bhfuil rudaí
- **díograiseach** é an duine seo mar tá sé ag scríobh mar gheall ar an timpeallacht agus tuigeannn sé cé chomh tábhachtach atá sé sin do gach éinne
- **cróga** é an duine seo mar sheas sé/sí an fód ar son chearta an duine daonna agus is rud fíorthábhachtach é sin
- **bródúil** atá anseo. Tá bród ag an údar dá thír dhúchais agus dá theanga dhúchais.
  **áthasach** atá anseo mar tá sé sásta mar tá sé/sí ag scríobh mar gheall ar bhliain /ar ama thaitin leis.

- Conas a chuaigh an sliocht seo i bhfeidhm ort?

**Seo frásaí gur féidir a úsáid chun cabhrú leat an cheist seo a fhreagairt**

- Mhuscail sé mo spéis sa…….
- Léirigh an sliocht seo dom…….an dochar a dhéanann an truailliú sa timpeallacht
- Chuir sé ag machnamh mé mar gheall ar……
- Mhúscail an píosa a lán mothúcháin éagsúla ionam go háirithe bród/trua/grá
- Thug sé léargas dom ar shaol/ar shaothar nach raibh aon eolas agam air roimhe seo agus anois tá meas agam ar an duine sin/ar an saothar sin.
- Chuir sé ar mo shúile dom cé chomh tábhachtach atá ár n-oidhreacht/taisteal sa spás/an Ghaeilge/an teicneolaíocht agus an ról lárnach atá aige inár saol.
- Mhothaigh mé brónach/áthasach/spreagtha/ nuair a léigh mé an sliocht seo mar….

# Léamhthuiscint 2014

## Nelson Mandela: Laoch ar Lár

**1.** Ócáid a mbeidh cuimhne ag pobal an domhain uirthi go ceann i bhfad ná bás Nelson Mandela anuraidh. Níorbh aon údar mór iontais a bhás mar bhí aois mhór aige, agus bhí ag teip ar a shláinte le tamall de bhlianta roimhe sin. Ach fós féin baineadh siar as daoine ar fud an domhain nuair a fógraíodh a bhás go déanach Déardaoin, 5 Nollaig 2013. Scaipeadh an scéal go tapa ar na meáin chumarsáide. Briseadh isteach ar na gnáthsceidil raidió agus teilifíse ar fud an domhain. Duine de dhaoine eisceachtúla an domhain ba ea Nelson Mandela. Chuaigh sé i gcion go mór ar a lucht leanúna féin sa bhaile agus bhí tionchar mór aige ar chúrsaí an domhain. Láithreach bonn, foilsíodh ailt mheastóireachta agus eagarfhocail mholtacha i nuachtáin mhóra an domhain; agus ar ndóigh thosaigh daoine á mholadh go tréan ar na meáin shóisialta.

**2.** Rugadh Nelson Mandela i 1918 sa Transkei in oirdheisceart na hAfraice Theas. Leis an náisiún Xhosa a bhain sé agus ba bhall é de theaghlach ríoga threibh Thembu sa náisiún sin. 'Rolihlahla' an t-ainm a thug a mhuintir féin air ach fuair sé an t-ainm 'Nelson' nuair a chuaigh sé ar scoil. Ag an am sin, ní raibh meas ar chultúr na hAfraice sna scoileanna agus mar sin, b'éigean do gach dalta ainm Briotanach a bheith air. Bhain Mandela céim BA amach i 1943 agus cháiligh sé mar dhlíodóir ina dhiaidh sin. Sa bhliain 1952, bhunaigh sé féin agus a chara, Oliver Tambo, a gcomhlacht dlí féin. Ba é sin an chéad chomhlacht de dhlíodóirí Afracacha a cuireadh ar bun san Afraic Theas. Bhí dlíthe an Apartheid i bhfeidhm go daingean sa tír ag an am sin. Dlíthe ollsmachtacha a bhí iontu a chuir bonn dlí faoin gcinedheighilt agus a chuir cosc ar aon duine nach raibh craiceann geal air páirt a ghlacadh i bpolaitíocht nó in eacnamaíocht nó i saol poiblí na tíre. Ba iad Mandela agus Tambo crann taca na nAfracach. Lá i ndiaidh lae bhí siad sna cúirteanna ag troid leis na húdaráis chiníocha ar son chearta phobal dúchasach na tíre.

**3.** Chláraigh Mandela mar bhall den African National Congress (ANC), eagraíocht a bunaíodh i 1912 chun troid ar son chearta daonna an chine ghoirm san Afraic Theas. Modhanna síochánta dlíthiúla a chleacht an ANC agus iad ag iarraidh cás an chine ghoirm a fheabhsú. Níor thug na húdaráis gheala aird ar a gcuid feachtas agus, de réir a chéile, shíl an ANC nach n-oibreodh aon rud ach an foréigean. Nuair a scaoil na póilíní urchair le slua Afracach a bhí ag léirsiú in Sharpeville i 1960, agus nuair a maraíodh naoi nduine is seasca sa slad, athraíodh dearcadh Nelson Mandela agus an ANC go hiomlán. Bhunaigh siad eite mhíleata, *Umkhonto we Sizwe*, i 1961 le dul i mbun feachtas foréigin lena gcearta a bhaint amach. Gabhadh Mandela i 1962. Cuireadh ar a thriail é in éineacht le grúpa comrádaithe as iarracht a dhéanamh an rialtas a bhriseadh le foréigean. Gearradh príosúnacht saoil orthu i 1964. Coinníodh Mandela i ngéibheann ar Robben Island agus i bpríosúin eile go dtí mí Feabhra 1990.

**4.** Sna blianta tosaigh a chaith Mandela sa phríosún, ba chosúil go leanfadh córas an Apartheid go ceann i bhfad. Ag an gcine geal a bhí an chumhacht agus an saibhreas go léir san Afraic Theas. Bhí arm agus aerfhórsa láidir ag an tír. Sheas polaiteoirí idirnáisiúnta, sa Bhreatain agus sna Stáit Aontaithe, mar shampla, le rialtas na hAfraice Theas. Ba bheag tacaíocht a fuair cúis an chine ghoirm ar feadh na mblianta fada ach tháinig athrú de réir a chéile. Diaidh ar ndiaidh, chruinnigh an ghluaiseacht fhrith-Apartheid neart san Afraic Theas agus ar fud an domhain. In Éirinn, mar shampla, sna hochtóidí, rinne roinnt oibrithe óga de chuid Dunnes Stores baghcat ar thorthaí ón Afraic Theas. Thuig rialtas na hAfraice Theas sa deireadh thiar go mbeadh orthu Mandela a scaoileadh saor agus teacht ar chomhréiteach leis an gcine gorm. Rinneadh Uachtarán de F. W. de Klerk sa bhliain 1989 agus chuaigh sé i mbun cainte láithreach le Mandela agus le ceannairí an ANC.

Rinne sé comhoibriú leis an gcumadóir Shaun Davey sa saothar ceoil, *The Brendan Voyage*, saothar nuálach ceoil don phíb uilleann agus do cheolfhoireann shiansach, saothar ceoil a chuir le cáil na píbe uilleann. Tháinig borradh faoin gcruitireacht in Éirinn sna seascaidí le bunú an chumainn, Cairde na Cruite, chun an chruit a chur chun cinn. Tá an Phíobaireacht Uilleann agus an Chruitireacht aitheanta ag Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) mar shiombailí tábhachtacha d'oidhreacht bheo na hÉireann chun iad a chosaint do na glúnta atá le teacht.

**5.** Tá forbairtí na teicneolaíochta ag cabhrú le cur chun cinn an cheoil thraidisiúnta le blianta beaga anuas. Tá ardáin nua ag na ceoltóirí anois chun an ceol agus na hamhráin a íoslódáil ó na seirbhísí sruthaithe ceoil in áit ar bith. Cuireann TG4 agus Raidió na Gaeltachta ardáin ar fáil do dhaoine atá ag cothú agus ag cur chun cinn an cheoil thraidisiúnta. Is í an Chomhairle Ealaíon, an ghníomhaireacht rialtais atá freagrach as na healaíona a fhorbairt mar ghné luachmhar den saol. Is iad na cúraimí atá orthu ná spéis an phobail a spreagadh sna healaíona, cleachtadh na n-ealaíon a chur chun cinn agus na healaíona a mhaoiniú. Tá Taisce Cheol Dúchais Éireann i mBaile Átha Cliath. Is cartlann acmhainní agus ionad tagartha í do dhaoine a bhfuil suim acu san amhránaíocht, sa cheol uirlise agus i rince dúchais na hÉireann.

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*

**Ceisteanna**

**1. (a)** Scríobh síos **dhá** chúis a bhfuil ár bhféiniúlacht chultúrtha tábhachtach dúinn mar Ghaeil. (Alt 1)

**(b) (i)** Luaigh pointe **amháin** eolais faoin bhféile cheoil bhliantúil, Fleadh Cheoil na hÉireann. (Alt 1)

**(ii)** Tabhair toradh **amháin** a bhí ar na seónna *Riverdance* agus *Lord of the Dance*. (Alt 1)

(7 marc)

**2. (a)** Luaigh **dhá** phointe eolais faoin obair a rinne Conradh na Gaeilge chun an Ghaeilge agus an fhéiniúlacht chultúrtha a chur chun cinn. (Alt 2)

**(b) (i)** Cén fáth ar bunaíodh Coimisiún Béaloideas Éireann i 1935? (Alt 2)

**(ii)** Cén tábhacht a bhain leis an obair bhailiúcháin a rinne Séamus Ennis agus bailitheoirí ceoil eile? (Alt 2)

(7 marc)

**3. (a)** Cén cóiriú nuálach a chuir Seán Ó Riada ar an gceol traidisiúnta sa scannán *Mise Éire*? (Alt 3)

**(b) (i)** Cén bealach nua a d'aimsigh Ó Riada agus Ceoltóirí Chualann leis an gceol traidisiúnta a chur i láthair an phobail? (Alt 3)

**(ii)** Luaigh rud **amháin** a léiríonn gur chuir *The Chieftains* ceol traidisiúnta na hÉireann ar an stáitse idirnáisiúnta. (Alt 3)

(7 marc)

**4. (a)** Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi thraidisiún na píbe uilleann faoi na 1960idí. (Alt 4)

**(b) (i)** Tabhair sampla **amháin** den bhaint a bhí ag Liam Óg Ó Floinn leis an bhfás mór a tháinig ar cháil na píbe uilleann. (Alt 4)

**(ii)** Cén fáth a bhfuil an Phíobaireacht Uilleann agus an Chruitireacht aitheanta ag Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO)? (Alt 4)

(7 marc)

**5. (a)** Scríobh síos **dhá** bhealach a gcabhraíonn forbairtí na teicneolaíochta le cur chun cinn an cheoil thraidisiúnta le blianta beaga anuas. (Alt 5)

**(b) (i)** Luaigh **dhá** chúram atá ar an gComhairle Ealaíon. (Alt 5)

**(ii)** Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi Thaisce Cheol Dúchais Éireann i mBaile Átha Cliath. (Alt 5)

(7 marc)

**6. (a)** Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 2 **agus** sampla d'ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 5.

**(b)** Conas a chuaigh an sliocht seo i bhfeidhm ort? Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**,